



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Aibreán 2024
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0101(NLE)

9493/24
ADD 2

AELE 32
MI 467
AND 5
SM 5

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	26 Aibreán 2024
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2024) 189 final - Annex (Part 2/14)
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad

COM(2024) 189 final - Annex (Part 2/14).

Faoi iamh: COM(2024) 189 final - Annex (Part 2/14)



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.4.2024
COM(2024) 189 final

ANNEX – PART 2/14

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach

ANNEX (PART 2/14)

PRÓTACAL ANDÓRA

CUID I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

CAIBIDIL 1

COMHAR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS ANDÓRA

AIRTEAGAL 1

Teacht in ionad Chomhaontú Comhair an 15 Samhain 2004 agus teacht i gcomharbas air

Tagann an Comhaontú seo in ionad an Chomhaontaithe Chomhar idir an Comhphobal Eorpach agus Prionsacht Andóra, agus tagann sé i gcomharbas air, comhaontú a síníodh sa Bhruiséil an 15 Samhain 2004¹.

¹ IO L 135, 28.5.2005, lch. 14.

AIRTEAGAL 2

Forálacha sonracha maidir le comhar

1. Leis an gcomhar idir an tAontas agus Andóra de bhun Airteagal 64 den Chreat- Chomhaontú, cuirfear san áireamh an taithí rannpháirtíochta Andóra i gcláir an Aontais, go háirithe na cláir um chomhar críochach agus na struchtúir chomhair trasteorann atá ann cheana sna Piréiní.
2. Chuige sin, comhaontaíonn an tAontas agus Andóra a gcomhar réigiúnach a threisiú, ar nós bheartas an Aontais maidir le comhar trasteorann, trasnáisiúnta agus idir- réigiúnach, agus féachfaidh siad ar ghníomhaíocht chomhordaithe chun na limistéir teorann timpeall Andóra a fhorbairt d'fhonn beartas a chur chun cinn le haghaidh na bPiréiní atá inchomparáide leis an mbeartas le haghaidh na nAlpa. An tráth céanna, comhaontaíonn siad a gcomhar a fhorbairt maidir le beartas le haghaidh limistéir sléibhe, ar nós bheartas an Aontais chun úsáid leanúnach agus inbhuanaithe talún talmhaíochta, forbairt eacnamaíoch agus caomhnú an chomhshaoil nádúrtha a áirithiú.

CUID II

SAORGHLUAISEACHT EARRAÍ

CAIBIDIL 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 3

Prionsabail

Tá saorghluaiseacht earraí idir an tAontas agus Andóra bunaithe, ar thaobh amháin, ar aontas custaim agus, ar an taobh eile, ar chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm acquis an Aontais ag Andóra i réimse na saorghluaiseachta earraí.

AIRTEAGAL 4

Aontas custaim idir an tAontas Eorpach agus Andóra

Bunaítear leis an gComhaontú seo aontas custaim idir an tAontas agus Andóra a thagann in ionad an chomhaontaithe i bhfoirm malartú litreacha idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Prionsacht Andóra a síníodh i Lucsamburg an 28 Meitheamh 1990 agus a thagann i gcomharbas air¹.

¹ IO L 374, 31.12.1990, lch. 16.

AIRTEAGAL 5

Raon feidhme an aontais custaim

1. Folóidh an t- aontas custaim idir an tAontas Eorpach agus Andóra na hearraí uile, gan dochar d'fhorálacha sonracha a leagtar amach in Airteagal 10 den Phrótacal seo.
2. Folóidh an t- aontas custaim idir an tAontas Eorpach agus Andóra críoch chustaim an Aontais mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Chód Custaim an Aontais¹ agus críoch Andóra araon.
3. Folófar an méid seo a leanas san aontas custaim idir an tAontas Eorpach agus Andóra:
 - (a) earraí a tháirgtear i gcríoch chustaim an Aontais Eorpaigh nó in Andóra, lena n- áirítear earraí a fhaightear go hiomlán nó go páirteach ó tháirgí de thionscnamh tríú tíortha atá i saorchúrsaíocht i gcríoch chustaim an Aontais nó in Andóra;
 - (b) earraí a thagann ó thríú tíortha atá i saorchúrsaíocht i gcríoch chustaim an Aontais nó in Andóra.
4. Measfar táirgí ó thríú tíortha a bheith i saorchúrsaíocht i gcríoch chustaim an Aontais Eorpaigh nó in Andóra má comhlíonadh foirmiúlachtaí allmhairiúcháin agus toibhíodh aon dleachtanna custaim nó muirir chomhéifeachta is iníoctha, agus nach ndearnadh aon aisíocaíocht iomlán ná páirteach ar na dleachtanna ná na muirir sin i leith na dtáirgí sin.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

5. Folóidh an t- aontas custaim freisin earraí a fhaightear i gcríoch chustaim an Aontais Eorpaigh nó in Andóra, a mbaineann a monarú le táirgí de thionscnamh tríú tíortha nach bhfuil i saorchúrsaíocht i gcríoch chustaim an Aontais ná in Andóra. Ní bheidh feidhm ag na forálacha maidir le haontas custaim, áfach, maidir leis na hearraí sin ach amháin má thoibhíonn an Páirtí Comhlachaithe onnmhairiúcháin dleachtanna custaim an Aontais ar tháirgí tríú tír a úsáidtear ina monarú.

AIRTEAGAL 6

Bearta lena gcuirtear an comhbheartas tráchtála chun feidhme

1. De mhaolú ar Airteagal 81 den Chreat- Chomhaontú, cuirfidh Andóra i bhfeidhm go díreach gach beart a chuireann an tAontas i bhfeidhm maidir le hearraí a allmhairítear isteach ar chríoch chustaim an Aontais nó a onnmhairítear uaithi dá bhforáiltear i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle¹, cé is moite de tharaif-chuótaí.

2. Cuirfidh Andóra i bhfeidhm go díreach na hoibleagáidí uile a eascraíonn as na comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích:

- (a) ag an Aontas Eorpach;
- (b) ag Ballstáit an Aontais a ghníomhaíonn thar ceann an Aontais; nó
- (c) ag Ballstáit an Aontais agus an tAontas ag gníomhú go comhpháirteach dóibh;

a mhéid a bhaineann na hoibleagáidí sin le trádáil in earraí idir an tAontas agus tríú tíortha.

¹ IO L 256, 7.9.1987, lch. 1.

3. Gan dochar do mhír 1, féadfaidh an Comhchoiste arna bhunú le hAirteagal 76(1), pointe (a) den Chreat- Chomhaontú cinntí a ghlacadh chun Cuid I d'Iarscríbhinn XXV a thabhairt cothrom le dáta.
4. Áireofar sna bearta dá dtagraítear i mír 1 bearta a eascraíonn as na gníomhartha dlí dá dtagraítear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn XXIV agus i gCuid I d'Iarscríbhinn XXV a chur i bhfeidhm san Aontas.
5. Déanfaidh Andóra gach gníomh dlí a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn XXV a chur chun feidhme ina chóras dlí.
6. Beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 gan dochar d'aon fhoráil shonrach nó rialacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus II a ghabhann leis an bPrótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe.

AIRTEAGAL 7

An Fochoiste um Chomhar Custaim

1. De mhaolú ar an gcéad abairt d'Airteagal 76(8) den Chreat- Chomhaontú, bunaítear leis seo Fochoiste um Chomhar Custaim. Cinnfidh an Comhchoiste modheolaíocht, comhdhéanamh agus feidhmiú an Fhochoiste sin ina rialacha nós imeachta.
2. Déanfaidh an Fochoiste scrúdú ar shaincheisteanna maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme na bhforálacha custaim atá sa Chomhaontú seo go tréimhsiúil nó arna iarraidh sin do cheann de na Páirtithe Comhlachaithe. Pléifidh sé freisin na hábhair uile a bhaineann le comhar custaim agus cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim idir an tAontas agus Andóra.

3. Déanfaidh an Fochoiste, ar a thionscnamh féin nó ar iarratas ón gComhchoiste, de réir mar a bheidh, moltaí a chur faoi bhráid an Chomhchoiste maidir le hábhair chustaim nach mór a réiteach le cinneadh ón gComhchoiste.

CAIBIDIL 2

FORÁLACHA SONRACHA

AIRTEAGAL 8

Comhaontuithe fabhracha arna gcaibidliú ag an Aontas

Déanfaidh an tAontas a dhícheall, ina chaibidlíocht trádála le tríú tíortha, aon socruithe fabhracha is infheidhme maidir le hearraí a leathnú chuig táirgí de thionscnamh Andóra.

AIRTEAGAL 9

Comhaontuithe um aitheantas frithpháirteach arna gcaibidliú ag an Aontas

Déanfaidh an tAontas a dhícheall, ina chaibidlíocht maidir le comhaontuithe maidir le haitheantas frithpháirteach le tríú tíortha, a leathnú a fháil chun críoch measúnaithe comhréireachta agus marcála táirgí atá ceaptha d'Andóra.

AIRTEAGAL 10

Táirgí tobac a chuimsiú de réir a chéile san aontas custaim

1. Gan dochar d'fhorálacha Chaibidil 1 de Chuid II den Chreat- Chomhaontú ná do Chaibidil 1 de Chuid II den Phrótacal seo, déanfar dleachtanna custaim agus muirir chomhéifeachta is infheidhme maidir le hallmhairí táirgí de chuid an Aontais isteach in Andóra a chumhdaítear le Caibidil 24 den Ainmníocht atá i gceangal leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí¹ (Ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe) a chéimniú amach thar idirthréimhse 30 bliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, i gcomhréir leis na socruithe a leagtar amach i míreanna 2 go 5.
2. Ní fhéadfaidh na socruithe a chuirtear i bhfeidhm maidir le hallmhairí isteach in Andóra a mhéid a bhaineann le táirgí a chumhdaítear le Caibidil 24 d'Ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe ó thríú tíortha a bheith níos fabhraí ná na socruithe a chuirtear i bhfeidhm maidir le hallmhairí na dtáirgí céanna ón Aontas.
3. Na táirgí a chumhdaítear faoi cheannteidil 24.02, 24.03 agus 24.04 d'Ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe, ina leagan 2022², arna monarú san Aontas ó thobac amh agus a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 5(3) de Chaibidil 1 de Chuid II den Phrótacal seo, beidh siad incháilithe, i gcás ina n- allmhairítear isteach in Andóra iad, le haghaidh dleacht tosaíochta arb ionann é agus 60 % den ráta a chuirtear i bhfeidhm in Andóra ar na táirgí céanna ó thríú tíortha.

¹ Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 maidir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí agus leis an bPrótacal lena leasaítear é a thabhairt i gcrích (IO L 198, 20.7.1987, lch. 1).

² Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1832 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 385, 29.10.2021, lch. 1).

4. ‘Bundlechtanna’ a ghairfear de dhleachtanna custaim agus muirir chomhéifeachta a thagann ó chur i bhfeidhm na socruithe faoi mhír 2 agus ríomh na dleachta tosaíochta dá dtagraítear i mír 3 agus is iad na dleachtanna custaim agus na muirir sin a chuirfidh Andóra i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

5. Déanfar na dleachtanna custaim agus na muirir chomhéifeachta is infheidhme maidir le táirgí an Aontais faoi Chaibidil 24 a allmhairítear isteach in Andóra a dhíchur go comhleanúnach sna sé chéim seo a leanas:

- (a) seacht mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh na dleachtanna sin cothrom le 95 % de na bundlechtanna;
- (b) deich mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh na dleachtanna sin cothrom le 90 % de na bundlechtanna;
- (c) 15 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh na dleachtanna sin cothrom le 70 % de na bundlechtanna;
- (d) 20 bliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh na dleachtanna sin cothrom le 50 % de na bundlechtanna;
- (e) 25 bliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh na dleachtanna sin cothrom le 30 % de na bundlechtanna; agus

ón 30 bliain ar aghaidh agus gach bliain ina dhiaidh sin, beidh na dleachtanna sin cothrom le 0 %.

AIRTEAGAL 11

Sásra faireacháin le linn na hidirthréimhse

1. Tarchuirfidh Andóra chuig an Aontas, roimh an 15ú lá de gach mí, na sonraí seo a leanas maidir leis na táirgí a chumhdaítear le Caibidil 24 d'Ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe (tobac amh agus táirgí tobac): athruithe, ar bhonn míosúil, ar na cainníochtaí arna dtáirgeadh agus arna monarú in Andóra, arna n- allmhairiú, arna margú agus arna n- onnmhairiú.
2. Tarchuirfidh Andóra chuig an Aontas, gach bliain roimh an 1 Meán Fómhair, tuarascáil maidir le forbairt na n- eilimintí seo a leanas:
 - (a) staid an airgeadais phoiblí, lena n- áirítear an sciar d'ioncam cánach ó thobac;
 - (b) éagsúlú gheilleagar Andóra, lena n- áirítear, go háirithe, earnáil na talmhaíochta;
 - (c) táirgeadh, allmhairiú, margú agus onnmhairiú tobac amh agus táirgí tobac;
 - (d) na bearta a ghlac Andóra chun calaois agus smuigleáil a chosc agus a chomhrac (reachtaíocht, cur chun feidhme agus cumas riaracháin, breithiúnach agus ábharthachta).
3. Chun measúnú a dhéanamh ar na heilimintí a chumhdaítear leis an tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear i mír 2, cuirfidh Andóra na táscairí seo a leanas go háirithe san áireamh:
 - (a) athruithe ar mhéid ioncam an Stáit;

- (b) dleachtanna custaim agus cánacha díreacha agus indíreacha arna mbailiú;
- (c) an t- athrú ar mheáchan an ioncaim ó cháin tobac san airgeadas poiblí;
- (d) athruithe ar mheáchan coibhneasta an ioncaim ó bhuint an tobac i gcoibhneas an ioncam iomlán ó ghabháiltais talmhaíochta;
- (e) forbairt infheistíochtaí (Andórach agus eachtrach);
- (f) forbairtí i staid fostaíochta Andóra;
- (g) forbairt insreabhadh na dturasóirí;
- (h) athruithe ar na sonraí míosúla maidir le tobac amh agus táirgí tobac, is é sin na cainníochtaí:
 - (i) a tháirgtear agus a mhonaraítear in Andóra;
 - (ii) a allmhairítear ón Aontas agus ó thríú tíortha;
 - (iii) a mhargaítear in Andóra; agus
 - (iv) a onnmhairítear chuig an Aontas agus chuig tríú tíortha.

Ina theannta sin, cuirfear san áireamh na hathruithe ar na sonraí sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin agus meán na gcúig bliana roimhe sin;

- (i) athruithe ar phraghas díola (meánphraghas ualaithe bunaithe ar shonraí faoi chainníochtaí a cuireadh ar an margadh; praghas íosta agus praghas uasta) na dtáirgí tobac in Andóra, chomh maith le comhdhéanamh an phraghais sin (cánacha agus eilimintí eile);
- (j) sonraí coinceíteacha maidir le héifeachtacht na mbeart chun calaois agus smuigleáil a chosc agus a chomhrac, is é sin:
 - (i) forbairtí reachtacha agus breithiúnacha;
 - (ii) an t- athrú ar líon na mball foirne atá sannta chun calaois agus smuigleáil a chomhrac;
 - (iii) forbairtí sa trealamh is gá chun calaois agus smuigleáil a chomhrac;
 - (iv) comhar le tíortha comharsanacha;
 - (v) líon agus luach idircheaptha.

4. Gach cúig bliana, nó arna iarraidh sin d’Andóra nó don Aontas, tionólfar cruinniú leantach ina gcuirfear an tAontas agus Andóra ar an eolas faoi fhorbairtí sna táscairí lena dtomhaistear tionchar an aistrithe de réir a chéile chuig saorghluaiseacht táirgí tobac ar Andóra.

5. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh na heilimintí agus na táscairí dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 a oiriúnú.

6. I gcás forbairtí sásúla in éagsúlú gheilleagar Andóra, go háirithe earnáil an tobac, féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh tarchur na sonraí agus an tuarascáil dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 a chur ar fionraí.

AIRTEAGAL 12

Bearta coimirce tobac

1. I gcás deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha, fíoscacha, sochaíocha nó comhshaoil arb é is cúis leo ráta an díothaithe fhorchéimnithigh taraife is infheidhme maidir le Caibidil 24 den Chóras Comhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 10 den Phrótacal seo, féadfaidh Andóra bearta coimirce a ghlacadh go haontaobhach chun an ráta sin a choigeartú, faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis an Airteagal seo.
2. Féadfaidh an tAontas bearta coimirce iomchuí a dhéanamh go haontaobhach, faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis an Airteagal seo, i gcás ina measann sé go bhfuil forbairtí neamhfhabhracha ann maidir le calaois agus smuigleáil in Andóra a chosc agus a chomhrac; nó méadú díobhálach ar tháirgeadh, ar allmhairí, ar mhargú nó ar onnmhairí tobac amh agus táirgí tobac; nó méadú ar na difreálacha praghais le haghaidh táirgí tobac (lena n- áirítear cánacha) idir Andóra agus Ballstáit an Aontais, go háirithe i ndáil leis an mBallstát comharsanach ina bhfuil an praghas is ísle.
3. Déanfar na bearta coimirce faoi mhíreanna 1 agus 2 a theorannú ó thaobh a raon feidhme agus a bhfaid de, dá bhfuil fíorghá chun an cás a leigheas.
4. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Andóra nó ag an Aontas bearta coimirce a dhéanamh de bhun mhír 1 nó mhír 2, faoi seach, tabharfaidh Andóra nó an tAontas fógra don Pháirtí Comhlachaithe eile gan mhoill agus soláthróidh sé an fhaisnéis ábhartha uile.
5. Beidh feidhm ag míreanna 4 go 9 d'Airteagal 97 den Chreat- Chomhaontú.

AIRTEAGAL 13

Rialacha tionscnaimh is infheidhme maidir le tobac le linn na hidirthréimhse

1. Le linn na hidirthréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 10 den Phrótacal seo agus tráth a n- allmhairithe isteach san Aontas, ligfear isteach, saor ó dhleachtanna ar allmhairí, na táirgí a chumhdaítear le Caibidil 24 d'Ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe agus ar de thionscnamh Andóra iad.
2. Tá na rialacha tionscnaimh agus na modhanna comhair riaracháin is infheidhme maidir leis na táirgí dá dtagraítear i mír 1 leagtha síos i bhFoscúibhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal seo.

CAIBIDIL 3

LIÚNTAIS THAISTEALAITHE

AIRTEAGAL 14

Forálacha ginearálta

1. Deonóidh an tAontas agus Andóra, ar bhonn tairseacha airgeadaíochta nó teorainneacha cainníochtúla, díolúintí ó dhleachtanna ar allmhairí, ó CBL nó ó cháin indíreach ghinearálta agus ó dhleachtanna máil le haghaidh earraí a allmhairítear i mbagáiste pearsanta taistealaithe a thagann ón bPáirtí Comhlachaithe eile, ar choinníoll gur de chineál neamhthrachtála iad na hallmhairí sin.
2. Chun críocha chur i bhfeidhm mhír 1, measfar gur de chineál neamhthrachtála allmhairí más rud é:
 - (a) gur de chineál ócáideach iad;
 - (b) gurb éard atá iontu go heisiach earraí le haghaidh úsáid phearsanta nó teaghlaigh na dtaistealaithe, nó earraí atá beartaithe mar bhronntanais.
3. Níor cheart cineál ná cainníocht na n- earraí sin a bheith amhlaidh go dtuigfí leis go bhfuil siad á n- allmhairiú ar chúiseanna tráchtála.

AIRTEAGAL 15

Tairseacha airgeadaíochta agus teorainneacha cainníochtúla

1. Is ionann an díolúine dá dtagraítear in Airteagal 14 den Phrótacal seo agus an díolúine is infheidhme san Aontas i leith tríú tíortha¹.
2. De mhaolú ar mhír 1 agus ar choinníoll go bhfaighfear na hearraí faoi réir na gcoinníollacha ginearálta lena rialaítear cánachas ar mhargadh intíre ceann de na Páirtithe Comhlachaithe, beidh feidhm ag na tairseacha airgeadaíochta agus na teorainneacha cainníochtúla a leagtar amach i míreanna 3 agus 5.
3. I gcás earraí a bhfuil feidhm ag tairseach airgeadaíochta maidir leo, socrófar luach iomlán na díolúine ag trí oiread luach na díolúine arna cur i bhfeidhm ag an Aontas i leith tríú tíortha. Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le taistealaithe faoi bhun 15 bliana d'aois.
4. Chun críoch tairseacha airgeadaíochta a chur i bhfeidhm, ní fhéadfar luach ítime aonair a roinnt.
5. Le haghaidh earraí a bhfuil feidhm ag teorainn chainníochtúil maidir leo, socrófar díolúintí mar seo a leanas:
 - (a) Táirgí tobac:
 - 300 toitín, nó
 - 150 todóigín, nó

¹ Treoir 2007/74/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2007 maidir le díolúine ó cháin bhreisluacha agus ó dhleacht mháil ar earraí arna n-allmhairiú ag daoine atá ag taisteal ó thríú tíortha (IO L 346, 29.12.2007, lch. 6).

- 75 todóg, nó
- 400 gram tobac lena chaitheamh.

Is ionann na cainníochtaí a luaitear agus 100 % d'iomlán na ndíolúintí a dheonaítear do tháirgí tobac.

Is todóga iad todógíní de mheáchan uasta de 3 gram an ceann.

I gcás aon taistealaí amháin, féadfar an díolúine a chur i bhfeidhm maidir le haon teaghlaim de tháirgí tobac, ar choinníoll nach mó ná 100 % comhiomlán na gcéatadán a úsáidtear as na liúntais aonair.

(b) Alcól agus deochanna alcólacha, fíonta agus beoracha:

- 1,5 lítear ar an iomlán d'alcóil agus deochanna alcólacha ar mó a neart alcóil ná 22 % de réir toirte, nó alcól eitile gan dínádúrú 80 % de réir toirte agus os a chionn;

nó

- 3 lítear ar an iomlán d'alcóil agus deochanna alcólacha ar mó a neart alcóil ná 22 % de réir toirte.

agus

- 5 lítear d'fhíon socair agus 20 lítear ar an iomlán de bheoir.

Is ionann gach cainníocht shonraithe agus 100 % de na díolúintí iomlána a deonaíodh le haghaidh alcóil agus deochanna alcólacha.

I gcás aon taistealaí amháin, féadfar an díolúine a chur i bhfeidhm maidir le haon teaghlaim de na cineálacha alcóil agus dí alcólacha dá dtagraítear i bpointe (b), ar choinníoll nach mó ná 100 % comhiomlán na gcéatadán a úsáidtear suas ó na liúntais aonair.

6. Ní bheidh feidhm ag mír 5 maidir le taistealaithe faoi bhun 17 mbliana d'aois.

CAIBIDIL 4

BEARTA SLÁNDÁLA CUSTAIM

AIRTEAGAL 16

Sainmhíniú

Ciallóidh ‘bearta slándála custaim’ na forálacha a bhaineann le dearbhú a thabhairt i leith earraí sula dtiocfaidh siad isteach sa chríoch chustaim agus sula n- imeoidh siad aisti, oibreoirí eacnamaíocha údaraithe, agus seiceálacha slándála custaim agus bainistiú riosca a bhaineann le slándáil, atá infheidhme i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim ábhartha atá i bhfeidhm tráth ar bith san Aontas.

AIRTEAGAL 17

Prionsabail ghinearálta a bhaineann le bearta slándála custaim

1. Gabhann an tAontas agus Andóra orthu féin na bearta slándála custaim a leagtar amach in Airteagal 15 den Phrótacal seo a chur i bhfeidhm maidir le hiompar earraí chuig tríú tíortha agus uathu agus ar an mbealach sin leibhéal coibhéiseach slándála a áirithiú ag a dtéoraíneacha seachtracha.
2. Tarscaoilfidh an tAontas agus Andóra cur i bhfeidhm na mbearta slándála custaim dá dtagraítear in Airteagal 16 den Phrótacal seo le linn iompar earraí idir a gcríocha custaim.

AIRTEAGAL 18

Comhaontuithe le tríú tíortha

1. Rachaidh an tAontas agus Andóra i gcomhairle le chéile sula dtabharfar i gcrích aon chomhaontú le tríú tír a bhaineann le bearta slándála custaim chun comhsheasmhacht leis an gCaibidil seo a áirithiú, go háirithe má áirítear sa chomhaontú atá beartaithe forálacha lena maolaítear ar na bearta slándála custaim a leagtar amach sa Chaibidil seo.
2. Comhaontaíonn an tAontas agus Andóra nach gcruthóidh comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag ceachtar acu le tríú tír i réimse atá cumhdaithe ag bearta slándála custaim oibleagáidí don Pháirtí Comhlachaithe eile, mura gcinnfidh an Comhchoiste a mhalairt.

AIRTEAGAL 19

An áit chun dearbhú iontrála achomair agus dearbhú roimh earraí a thabhairt amach a thaisceadh

1. Déanfar an dearbhú iontrála achomair a thaisceadh le húdarás inniúil an Pháirtí Chomhlachaithe ar ina chríoch chustaim a thugtar na hearraí isteach ó thríú tíortha. Déanfaidh an t-údarás sin anailís riosca bunaithe ar shonraí atá sa dearbhú agus aon rialú slándála custaim a mheastar is gá, lena n-áirítear i gcásanna ina bhfuil earraí ceaptha don Pháirtí Comhlachaithe eile.

2. Déanfar an dearbhú roimh earraí a thabhairt amach a thaisceadh le húdarás inniúil an Pháirtí Chomhlachaithe ar ar a chríoch chustaim a dhéantar na foirmiúlachtaí maidir le honnmhairiú nó, i gcás inarb iomchuí, le tabhairt amach chuig tríú tíortha. Déanfaidh an t-údarás inniúil sin anailís riosca bunaithe ar na sonraí atá sa dearbhú sin in éineacht leis na rialuithe slándála custaim a mheastar go bhfuil gá leo.
3. I gcás ina bhfágfaidh earraí a bhfuil tríú tír mar cheann scríbe acu críoch chustaim Páirtí Chomhlachaithe trí chríoch chustaim an Pháirtí Chomhlachaithe eile, ní thaiscfear an dearbhú roimh earraí a thabhairt amach ach le húdaráis inniúla an dara Páirtí.

AIRTEAGAL 20

Rialuithe slándála custaim agus bainistiú riosca a bhaineann le slándáil

1. Comhoibreoidh an tAontas agus Andóra d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) faisnéis a mhalartú chun a n-anailís riosca agus éifeachtacht na rialuithe custaim a bhaineann leis an tsándáil a fheabhsú agus a neartú;
 - (b) creat comhchoiteann le haghaidh bainistiú riosca, critéir chomhchoiteanna riosca agus réimsí tosaíochta comhchoiteanna le haghaidh rialuithe a bhunú in am trátha, agus córas leictreonach a bhunú chun comhbhainistiú riosca den sórt sin a chur chun feidhme.
2. Glacfaidh an Comhchoiste aon chinneadh is gá chun mír 1 a chur i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 21

Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart slándála custaim

1. Glacfaidh an Comhchoiste cinntí ina leagfar amach an bealach a ndéanfaidh an tAontas agus Andóra faireachán ar chur chun feidhme na Caibidle seo agus comhlíonadh na mbeart slándála custaim a fhíorú.

Féadfaidh an faireachán sin a bheith sna foirmeacha seo a leanas:

- (a) measúnú tráthrialta ar chur chun feidhme na Caibidle seo;
 - (b) athbhreithniú chun feabhas a chur ar an mbealach ina gcuirtear i bhfeidhm é nó chun a fhorálacha a leasú ionas go gcomhlíonfaidh sé a chuspóirí ar bhealach níos fearr;
 - (c) cruinnithe téamacha a eagrú idir saineolaithe an Aontas agus Andóra agus iniúchtaí ar nósanna imeachta riaracháin, lena n- áirítear cuairteanna ar an láthair.
2. Áiritheoidh an Comhchoiste go seasfaidh na bearta a dhéanfar faoi mhír 1 le cearta oibreoirí eacnamaíocha.

AIRTEAGAL 22

Malartú faisnéise maidir le hoibreoirí eacnamaíocha údaraithe

Cuirfidh an Coimisiún Eorpach agus údaráis inniúla Andóra a chéile ar an eolas go tráthrialta faoi chéannacht a n- oibreoirí eacnamaíocha údaraithe chun críoch slándála, agus áireoidh siad an fhaisnéis seo a leanas:

- (a) an Uimhir Aitheantais Trádálaí (TIN) i bhformáid atá comhoiriúnach leis an reachtaíocht maidir le hOibreoir Eacnamaíoch a Chlárú agus a Shainaithint (EORI)¹;
- (b) ainm agus seoladh an oibreora eacnamaíoch údaraithe;
- (c) uimhir an údaraithe lenar deonaíodh stádas oibreora eacnamaíoch údaraithe;
- (d) stádas reatha (reatha, ar fionraí, aistarraingthe);
- (e) tréimhsí inar athraíodh a stádas;
- (f) an dáta a thiocfaidh an t- údarú i bhfeidhm;
- (g) an t- údarás a d'eisigh an t- údarú.

¹ Rialachán Tarmlichte (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

AIRTEAGAL 23

Rúndacht ghairmiúil agus sonraí pearsanta a chosaint

1. Beidh ag an bhfaisnéis a mhalartóidh an tAontas agus Andóra faoin gCaibidil seo an chosaint a thugtar don rúndacht ghairmiúil agus do shonraí pearsanta mar a shainmhínítear i ndlí an Pháirtí Chomhlachaithe is faighteoir.
2. Ní fhéadfar faisnéis a aistriú chuig daoine seachas údaráis inniúla an Pháirtí Chomhlachaithe lena mbaineann, ná ní fhéadfaidh na húdaráis sin í a úsáid chun críocha seachas na críocha sin dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 24

Bearta athchothromúcháin

1. Féadfaidh an tAontas nó Andóra, tar éis dul i gcomhairle laistigh den Chomhchoiste, bearta athchothromúcháin iomchuí a dhéanamh, lena n- áirítear cur i bhfeidhm beart slándála custaim a chur ar fionraí, i gcás ina gcinnfidh sé nach gcomhlíonann an Páirtí Comhlachaithe eile coinníollacha na mbeart sin.
2. I gcás ina bhféadfadh aon mhoill éifeachtacht na mbeart slándála custaim a chur i mbaol, féadfar bearta réamhchúraim sealadacha a dhéanamh, gan comhairliúchán roimh ré, ar choinníoll go ndéanfar comhairliúcháin laistigh den Chomhchoiste láithreach tar éis ghlacadh na mbeart sin.

3. I gcás nach n- áirithíonn Andóra a thuilleadh cur chun feidhme an acquis ábhartha maidir le bearta slándála custaim i gcomhréir leis an gCaibidil seo, féadfaidh an tAontas cur i bhfeidhm na mbeart slándála custaim a chur ar fionraí, ach amháin má chinneann an Comhchoiste a mhalairt, tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun cur i bhfeidhm an acquis a choinneáil ar bun.

4. Ba cheart bearta athchothromúcháin a bheith comhréireach, agus ba cheart a raon feidhme agus a bhfad a theorannú don mhéid is gá chun aghaidh a thabhairt ar an gcás. Féadfaidh Páirtí Comhlachaithe a iarraidh ar an gComhchoiste comhairliúcháin a réachtáil maidir le comhréireacht na mbeart sin.

CAIBIDIL 5

CÚNAMH FRITHPHÁIRTEACH LE HAGHAIDH AISGHABHÁLA

AIRTEAGAL 25

Cúnamh frithpháirteach chun éilimh a aisghabháil

1. Soláthróidh gach Ballstát den Aontas agus Andóra cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le dleachtanna ar allmhairí agus dleachtanna ar onnmhairí a aisghabháil.
2. Cumhdófar an méid seo a leanas leis an gcúnamh sin:
 - (a) pionóis riaracháin, fineálacha, táillí agus formhuirir a bhaineann leis na héilimh a d'fhéadfadh a bheith faoi réir iarraidh ar chúnamh frithpháirteach i gcomhréir le mír 1, arna bhforchur ag na húdaráis riaracháin atá inniúil chun na cánacha nó na dleachtanna lena mbaineann a thobhach nó fiosrúcháin riaracháin a dhéanamh maidir leo, nó arna ndeimhniú ag comhlachtaí riaracháin nó breithiúnacha arna iarraidh sin do na húdaráis riaracháin sin;
 - (b) táillí le haghaidh deimhnithe agus doiciméad dá samhail arna n-eisiúint i ndáil le nósanna imeachta riaracháin a bhaineann leis na cánacha nó na dleachtanna lena mbaineann;
 - (c) ús agus costais a bhaineann leis na héilimh a bhféadfar cúnamh frithpháirteach a iarraidh ina leith i gcomhréir le mír 1 nó pointe (a) nó (b) den mhír seo.

3. Tabharfar cúnamh frithpháirteach le haghaidh aisghabhála i gcomhréir le Caibidlí I go V de Threoir 2010/24/AE ón gComhairle¹, agus le Caibidlí I go IV de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 1189/2011 ón gCoimisiún², ach amháin a mhéid a bhaineann leis na rialacha seo a leanas:

- (a) de mhaolú ar Airteagal 4(1) agus (6) de Threoir 2010/24/AE ón gComhairle, ainmneoidh gach Ballstát den Aontas agus Andóra na húdaráis atá údaraithe chun iarrataí ar chúnamh a dhéanamh nó a fháil. Soláthróidh siad liosta de na húdaráis sin don Choimisiún Eorpach agus cuirfidh siad ar an eolas é faoi aon athruithe ábhartha. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach an fhaisnéis a gheofar in iúl do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus do Andóra;
- (b) de mhaolú ar Airteagal 13(1), an chéad agus an dara fomhír, agus ar Airteagal 17 de Threoir 2010/24/AE ón gComhairle, féadfar iarraidh ar aisghabháil nó iarraidh ar bhearta réamhchúraim a dhéanamh ar bhonn na gcumhachtaí agus na nósanna imeachta dá bhforáiltear faoi dhlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin Stát faighte na hiarrata, i gcás ina bhforáiltear leis na forálacha sin do chóras aisghabhála éifeachtach agus éifeachtúil;
- (c) de mhaolú ar Airteagal 19(2), an chéad agus an dara fomhír, agus ar Airteagal 19(3) de Threoir 2010/24/AE ón gComhairle, beidh sé d'éifeacht ag aon iarraidh ar aisghabháil nó ar bhearta réamhchúraim de bhun an Phrótacail seo an tréimhse theorann a fhionraí go dtí go ndéanfaidh údarás faighte na hiarrata an iarraidh a fhorghníomhú;

¹ Treoir 2010/24/AE ón gComhairle an 16 Márta 2010 maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha, dleachtanna agus bearta eile a aisghabháil (IO L 84, 31.3.2010, lch. 1).

² Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1189/2011 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe i ndáil le forálacha áirithe de Threoir 2010/24/AE ón gComhairle maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha, dleachtanna agus bearta eile a aisghabháil (IO L 302, 19.11.2011, lch. 16).

- (d) chun críocha an Airteagail seo, comhlánófar Airteagal 22(1) de Threoir 2010/24/AE ón gComhairle leis an abairt seo a leanas: ‘Ar aon chuma, féadfar faisnéis bhreise a bhaineann le hiarrataí ar chúnamh agus freagraí ar iarrataí den sórt sin a sholáthar i mBéarla nó i dteanga eile a nglacann na húdaráis inniúla léi.’;
- (e) Baileoidh gach Ballstát den Aontas agus Andóra staitisticí maidir leis an méid seo a leanas:
- (i) líon na n- iarrataí ar fhaisnéis, ar fhógra, ar aisghabháil nó ar bhearta réamhchúraim a sheolfaidh sé chuig gach Stát faighte iarrata agus a fhaigheann sé ó gach Stát is iarrthóir gach bliain;
 - (ii) méid na n- éileamh a n- iarrtar cúnamh aisghabhála ina leith agus na méideanna a aisghabhadh.
- Cuirfear na staitisticí dá dtagraítear i bpointe (i) agus (ii) in iúl don Choimisiún Eorpach tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach an fhaisnéis a fhaightear ó Bhallstáit an Aontais in iúl d’Andóra;
- (f) de mhaolú ar Airteagal 2(1) agus (2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1189/2011 ón gCoimisiún, seolfar gach iarraidh agus gach ionstraim, foirm agus doiciméad eile a ghabhann léi, chomh maith le haon fhaisnéis eile a chuirfear in iúl maidir leis na hiarrataí sin, trí ríomhphost slán, mura mbeidh sé sin dodhéanta ar chúiseanna teicniúla, nó trí aon mhodh eile a bheidh formheasta ag na húdaráis inniúla.

4. Agus iarraidh ar fhaisnéis á cur isteach, úsáidfídh Ballstáit an Aontais agus Andóra foirm arna bunú ar an tsamhail a úsáidtear le haghaidh iarrataí idir Ballstáit an Aontais, mura gcomhaontóidh údarás déanta na hiarrata agus údarás faighte na hiarrata a mhalairt.

Agus iarraidh ar fhógra á chur isteach, úsáidfídh Ballstáit an Aontais agus Andóra foirm arna bunú ar an tsamhail a úsáidtear le haghaidh iarrataí idir Ballstáit an Aontais.

Agus iarraidh ar aisghabháil nó iarraidh ar bhearta réamhchúraim á cur isteach, úsáidfídh Ballstáit an Aontais agus Andóra foirm arna bunú ar an tsamhail a úsáidtear le haghaidh iarrataí idir Ballstáit an Aontais.

Tarraingeofar suas an fhoirm chaighdeánach a ghabhann leis an iarraidh ar fhógra agus an fhoirm le haghaidh na hionstraime aonfhoirmí lena gceadaítear bearta forfheidhmiúcháin a ghlacadh i Stát faighte na hiarrata ar bhonn na dteimpléad a úsáidtear le haghaidh iarrataí idir Ballstáit an Aontais.

Féadfar struchtúr agus leagan amach na bhfoirmeacha dá dtagraítear sa mhír seo a oiriúnú i bhfianaise fhorálacha an Phrótacail seo agus i bhfianaise cheanglais agus fhéidearthachtaí an chórais cumarsáide leictreonaí, ar choinníoll nach ndéantar athrú substaintiúil ar an tacar sonraí agus faisnéise atá ann. Féadfar réimsí sna foirmeacha a fhágtar bán le linn na cumarsáide a bhaineann leis an iarraidh agus forghníomhú na hiarrata a fhágáil ar lár.

AIRTEAGAL 26

Nascadh le córais leictreonacha an Aontais Eorpaigh

1. Soláthróidh an tAontas an cúnamh teicniúil agus an oiliúint is gá chun nascadh Andóra le córais leictreonacha an Aontais a éascú, ar córais iad is gá le haghaidh fheidhmiú cuí an aontais custaim, laistigh de na teorainneacha agus i gcomhréir leis na socruithe atá le bunú le cinneadh ón gComhchoiste, agus na hacmhainní airgeadais atá ar fáil chun na críche sin á gcur san áireamh. Is é Andóra a iompróidh na costais nasctha.
2. Sa chinneadh ón gComhchoiste dá dtagraítear i mír 1, leagfar amach freisin tráthchlár chun Andóra a nascadh de réir a chéile le córais leictreonacha an Aontais, agus fíor-riachtanais thrádáil eachtrach Andóra agus an Aontais á gcur san áireamh, chomh maith le réitigh mhalartacha i gcásanna ina mbeadh na costais nasctha díréireach leis an bhfóntas a bhfuiltear ag súil leis.

CAIBIDIL 6

RIALACHA MAIDIR LE SLÁINTE AINMHITHE, SÁBHÁILTEACHT BIA AGUS SLÁINTE PLANDAÍ

AIRTEAGAL 27

An Fochoiste um Shábháilteacht Bia agus Cúrsaí Tréidliachta agus Fíteashláintíochta

1. De mhaoil ar an gcéad abairt d'Airteagal 76(8) den Chreat- Chomhaontú, bunaítear leis seo Fochoiste um Shábháilteacht Bia agus Cúrsaí Tréidliachta agus Fíteashláintíochta. Cinnfidh an Comhchoiste modheolaíocht, comhdhéanamh agus feidhmiú an Fhochoiste seo ina rialacha nós imeachta.
2. Déanfaidh an Fochoiste athbhreithniú tráthrialta, nó arna iarraidh sin don Aontas nó d'Andóra, ar fhorbairt na reachtaíochta maidir le sábháilteacht bia agus cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta agus sainaithneoidh sé na gníomhartha dlí atá le cur i bhfeidhm in Andóra.
3. Más gá, cuirfidh an Fochoiste moltaí faoi bhráid an Chomhchoiste d'fhonn Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal i ndáil le Stát Comhlachaithe a thabhairt cothrom le dáta de bhun Airteagal 81 den Chreat- Chomhaontú.

AIRTEAGAL 28

Seiceálacha ar tháirgí a allmhairítear ó thríú tíortha
agus atá ceaptha d'Andóra

Déanfaidh údaráis inniúla Bhallstáit an Aontais seiceálacha ar tháirgí a allmhairítear ó thríú tíortha agus atá ceaptha d'Andóra ag poist rialaithe teorann, in ainm údaráis Andóra agus thar a gceann.

AIRTEAGAL 29

Rochtain ar chóireálacha próifíolacsacha nó teiripeacha
i gcás géarchéimeanna sláinte

1. Oibreoidh an tAontas agus Andóra i ndlúthchomhar le chéile i gcás géarchéimeanna tromchúiseacha sláinte i réimsí na sláinte ainmhithe, na sláinte plandaí agus na sábháilteachta bia.
2. I gcás géarchéimeanna móra sláinte de dheasca ráigeanna galar ainmhithe a bhféadfaí a mheas gur de chineál an- eipeasótach iad, cuirfidh an tAontas agus Andóra a chéile ar an eolas láithreach agus, a mhéid is féidir, déanfaidh siad a ngníomhaíocht a chomhordú, go háirithe agus bearta nó pleananna vacsaínithe á mbreithniú acu.

AIRTEAGAL 30

Iniúchtaí

Beidh Andóra faoi réir na socrúithe céanna iniúcháireachta a dhéanfaidh saineolaithe an Aontais agus iad a leagtar síos le haghaidh Bhallstáit an Aontais.

AIRTEAGAL 31

Rannpháirtíocht i gcórais tuairiscithe

1. Beidh Andóra rannpháirteach sa chóras ríomhairithe bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla (CBFRO) nó in aon chóras eile a d'fhéadfadh teacht ina ionad ar dháta sa todhchaí.
2. Bunóidh an Comhchoiste na socrúithe teicniúla agus oibríochtúla maidir le rannpháirtíocht Andóra sa chóras sin, ar thogra ón bhfochoiste ábhartha.

CUID III

SAORGHLUAISEACHT DAOINE, SEIRBHÍSÍ AGUS CAIPITIL

CAIBIDIL 1

SAORGHLUAISEACHT DAOINE, OIBRITHE AGUS DAOINE FÉINFHOSTAITHE

AIRTEAGAL 32

Idirthréimhsí maidir le saorghluaiseacht daoine

1. Féadfaidh Andóra, de pháirt amháin, agus Ballstáit an Aontais, den pháirt eile, forálacha náisiúnta a choimeád i bhfeidhm go dtí an 1 Eanáir 2027 maidir le náisiúnaigh ó Bhallstáit an Aontais, de pháirt amháin, agus maidir le náisiúnaigh Andóra, den pháirt eile, arb iad forálacha náisiúnta lena gcuirtear iontráil, cónaí agus fostaíocht faoi réir réamhúdaráithe.

Féadfaidh Andóra srianta cainníochtúla do chónaitheoirí agus oibrithe nua a choimeád i bhfeidhm go dtí an 1 Eanáir 2027 maidir le náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais.

2. Féadfaidh Andóra forálacha náisiúnta a choimeád i bhfeidhm go dtí an 1 Eanáir 2027 lena dteorannaítear soghluaisteacht ghairmiúil agus rochtain ar ghairmeacha le haghaidh gach catagóire oibrithe.

AIRTEAGAL 33

Bearta le linn na n-idirthréimhsí

1. Seachas na teorainneacha a leagtar amach in Airteagal 32, ní thabharfaidh Andóra isteach aon bhearta sriantacha nua maidir le hiontráil, fostaíocht agus cónaí oibrithe agus daoine féinfhostaithe ón dáta sínithe an Chomhaontaithe seo.
2. Glacfaidh Andóra gach beart is gá ionas go bhféadfaidh náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais dul i mbun fostaíochta atá ar fáil ar chríoch Andóra le linn na hidirthréimhse agus an tosaíocht chéanna acu agus atá ag náisiúnaigh Andóra.

AIRTEAGAL 34

Cur i bhfeidhm socruithe déthaobhacha atá ann cheana le linn na n-idirthréimhsí

Le linn n-idirthréimhsí, leanfaidh na socruithe déthaobhacha atá ann cheana d'fheidhm a bheith acu mura dtiocfaidh forálacha atá níos fabhraí do shaoránaigh Bhallstáit an Aontais as an gComhaontú seo.

CAIBIDIL 2

IOMPAR

AIRTEAGAL 35

Cabataíste tarlaithe bóthair

1. Tá an Comhaontú seo, a mhéid a bhaineann le cearta cabatáiste, gan dochar do na comhaontuithe déthaobhacha seo a leanas:
 - (a) *Acuerdo entre el Reino de España y el Principado de Andorra sobre transporte internacional por carretera*, arna shíniú in Ordino an 8 Eanáir 2015;
 - (b) *Accord entre le Gouvernement de la République française et le Gouvernement de la Principauté d'Andorre concernant les transports routiers internationaux de marchandises*, arna shíniú in Andorra la Vella an 12 Nollaig 2000;
 - (c) *Acordo entre o Principado de Andorra e a República Portuguesa relativo a Transportes Internacionais Rodoviários de Passageiros e de Mercadorias*, arna shíniú in Andorra la Vella an 15 Samhain 2000; agus
 - (d) *Accordo fra il Governo della Repubblica italiana e il Governo del Principato di Andorra, concernente la regolamentazione del trasporto internazionale di viaggiatori e di merci su strada*, arna shíniú sa Bhruiséil an 19 Bealtaine 2015.

Féadfar na cearta cabatáiste sin a thabhairt cothrom le dáta.

2. Glacfaidh an Comhaontú seo ionad na gcomhaontuithe déthaobhacha dá dtagraítear i mír 1 maidir le gach ábhar seachas cearta cabatáiste a rialaítear leis na comhaontuithe déthaobhacha sin.
3. Ach amháin mar a fhoráiltear i mír 1, ní fhéadfaidh Andóra comhaontuithe nua maidir le hiompar ar bóthar a thabhairt i gcrích lena rialófar ábhair a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo le Ballstáit an Aontais.

CUID IV

FORÁLACHA COTHROMÁNACHA A BHAINNEANN LEIS NA CEITHRE SHAOIRSE

CAIBIDIL I

DLÍ na gCUIDEACHTAÍ

AIRTEAGAL 36

Idirnascadh na gclár

1. Déanfar cláir lárnacha, tráchtála agus cuideachtaí Andóra a nascadh le córas idirnascadh na gclár i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹.
2. Déanfaidh Andóra na bearta is gá a chur chun feidhme chun idir- inoibritheacht a chláir le córas idirnasctha na gclár a áirithiú tríd an ardán i gcomhréir le hAirteagal 22(3) de Threoir (AE) 2017/1132 agus áiritheoidh sé go mbeidh aitheantóir uathúil (EUID) ag a chuideachtaí ionas gur féidir iad a shainaithint gan iomrall idir na cláir tríd an gcóras sin um idirnascadh na gclár.
3. Iompróidh Andóra na costais a bhaineann lena chláir a choigeartú chomh maith lena gcostais chothabhála agus fheidhmiúla i gcomhréir le hAirteagal 25(6) de Threoir (AE) 2017/1132.

¹ Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 a bhaineann le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46).

RIALACHA TIONSCNAIMH

CUID I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 1

Sainmhínithe

Chun críocha na foscúbhinn seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘Páirtí comhlachaithe’ Andóra nó an tAontas Eorpach;
- (b) ciallaíonn ‘caibidlí’, ‘ceannteidil’ agus ‘fo-cheannteidil’ na caibidlí, na ceannteidil agus na fo-cheannteidil (cóid 4 dhigit nó 6 dhigit) a úsáidtear san ainmníocht arb í an Córas Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí(‘Córas Comhchuibhithe’) í ina bhfuil na hathruithe de bhun Moladh ón gComhairle um Chomhar Custaim an 26 Meitheamh 2004;
- (c) ciallaíonn ‘aicmithe’ aicmiú earra atá faoi cheanteideal áirithe nó faoi fho-cheanteideal áirithe den Chóras Comhchuibhithe;

- (d) ciallaíonn ‘coinsíneacht’ táirgí:
- (i) a sheoltar go comhuaineach ó aon onnmhaireoir amháin chuig aon choinsíní amháin; nó
 - (ii) atá cumhdaithe ag aon doiciméad iompair amháin lena gcumhdaítear seoladh na dtáirgí sin ón onnmhaireoir chuig an gcoinsíní nó, de cheal doiciméad den sórt sin, atá cumhdaithe ag aon sonrasc amháin;
- (e) ciallaíonn ‘údaráis chustaim an Aontais’ údaráis chustaim aon Bhallstáit den Aontas Eorpach;
- (f) ciallaíonn ‘luach custaim’ an luach arna chinneadh i gcomhréir leis an gComhaontú maidir le cur i bhfeidhm Airteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharairí agus Trádáil a rinneadh in 1994(Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le luacháil chustaim);
- (g) ciallaíonn ‘praghas díreach ón monarcha’ an praghas a íoctar as an táirge díreach ón monarcha leis an monaróir sa Pháirtí Comhlachaithe a ndéantar an t-oibriú deiridh nó an phróiseáil deiridh ina ghnóthas, ar choinníoll go n-áirítear sa phraghas sin luach na n-ábhar uile a úsáidtear agus na costais eile uile a bhaineann lena tháirgeadh, lúide aon cháin inmheánach a aisíoctar, nó a d’fhéadfaí a aisíoc, nuair a onnmhairítear an táirge a fuarthas; i gcás inar ndéantar an t-oibriú deiridh nó an phróiseáil deiridh a chur amach ar fochonradh chuig monaróir, tagraíonn an téarma ‘monaróir’ don fhiontar a bhfuil an fochonraitheoir fostaithe aige; i gcás nach léiriú é an praghas iarbhír a íoctar ar na costais uile a bhaineann le monarú an táirge a thabhaítear go hiarbhír sa Pháirtí Comhlachaithe, ciallaíonn an praghas díreach ón monarcha suim na gcostas sin go léir, lúide aon cháin inmheánach a aisíoctar, nó a d’fhéadfaí a aisíoc, nuair a onnmhairítear an táirge a fuarthas;
- (h) ciallaíonn ‘ábhar idirmhalartach’ nó ‘táirge idirmhalartach’ ábhar nó táirge ar den chineál céanna agus den cháilíocht tráchtála céanna iad agus a bhfuil na tréithe teicniúla agus fisiceacha céanna acu, agus nach féidir iad a idirdhealú ó chéile;

- (i) ciallaíonn ‘earraí’ ábhar agus táirge araon;
- (j) ciallaíonn ‘monarú’ aon chineál oibrithe nó próiseála lena n-áirítear cóimeáil;
- (k) ciallaíonn ‘ábhar’ aon chomhábhar, aon amhábhar, aon chomhpháirt nó aon pháirt, etc., a úsáidtear le linn mhonarú an táirge;
- (l) ciallaíonn ‘uaschion ábhar neamhthionscnaimh’ an t-uasmhéid ábhair neamhthionscnaimh a cheadaítear chun a mheas gur leor an t-oibriú nó an phróiseáil a dhéantar sa mhonarú chun stádas tionscnaimh a thabhairt don táirge. Féadfar é a shloinneadh mar chéatadán de phraghas an táirge díreach ón monarcha nó mar chéatadán de ghlanmheáchan na n-ábhar sin a úsáidtear, ábhair atá faoi ghrúpa sonraithe caibidlí, faoi chaibidil, faoi cheannteideal nó faoi fho-cheannteideal;
- (m) ciallaíonn ‘táirge’ an táirge atáthar a mhonarú, fiú má tá sé ceaptha lena úsáid ina dhiaidh sin in oibríocht mhonarúcháin eile;
- (n) áirítear le ‘críoch’ críoch talún, uiscí inmheánacha agus farraige theorann Páirtí Chomhlachaithe;
- (o) measfar gurb é is ‘breisluach’ ann praghas an táirge díreach ón monarcha lúide luach custaim gach ceann de na hábhair a ionchorpraítear, arb ábhair iad de thionscnamh an Pháirtí Chomhlachaithe eile, a bhfuil carnadh infheidhme ina leith nó, i gcás nach eol an luach custaim nó nach féidir é a fháil amach, measfar gurb é an chéad phraghas infhionnta é a íocadh as na hábhair sa Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir;
- (p) ciallaíonn ‘luach na n-ábhar’ an luach custaim tráth a allmhairítear na hábhair neamhthionscnaimh a úsáidtear, nó, murab eol sin agus nach féidir é a fháil amach, ciallaíonn sé an chéad phraghas infhionnta a íocadh as na hábhair sa Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir. I gcás inar gá luach na n-ábhar tionscnaimh a bhunú, cuirfear an pointe seo i bhfeidhm *mutatis mutandis*.

CUID II

SAINMHÍNIÚ AN CHOINCHEAPA ‘TÁIRGÍ TIONSCNAIMH’

AIRTEAGAL 2

Ceanglais ghinearálta

Chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme, measfar gur de thionscnamh Páirtí Comhlachaithe na táirgí seo a leanas nuair a onnmhairítear chuig an bPáirtí Comhlachaithe eile iad:

- (a) táirgí a fuarthas go hiomlán i bPáirtí Comhlachaithe de réir bhrí Airteagal 3 den Fhoscríbhinn seo;
- (b) táirgí a fuarthas i bPáirtí Comhlachaithe ina bhfuil ábhair nach bhfuarthas go hiomlán ansin, ar choinníoll go ndearnadh oibriú nó próiseáil leordhóthanach ar na hábhair sin sa Pháirtí Comhlachaithe sin de réir bhrí Airteagal 4 den Fhoscríbhinn seo.

AIRTEAGAL 3

Táirgí a Fuarthas go hIomlán

1. Measfar na nithe seo a leanas a bheith faighte go hiomlán i bPáirtí Comhlachaithe nuair a onnmhaireofar go dtí an Páirtí Comhlachaithe eile iad:

- (a) táirgí mianracha agus uisce nádúrtha a eastósctar as ithir nó as grinneall farraige;

- (b) plandaí, lena n-áirítear plandaí uisceacha, agus táirgí glasraí a fhástar nó a bhaintear ann;
- (c) ainmhithe beo a rugadh agus a tógadh ann;
- (d) táirgí a fuarthas ó ainmhithe beo a tógadh ann;
- (e) táirgí a fuarthas ó ainmhithe maraithe a rugadh agus a tógadh ann;
- (f) táirgí a fuarthas de thoradh fiach nó iascaireacht a rinneadh ansin;
- (g) táirgí dobharshaothraithe i gcás éisc, crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisce eile a rugadh agus a tógadh ansin ó uibheacha, ó larbhaí, ó mhionéisc nó ó ghilidíní;
- (h) táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a baineadh as an bhfarraige ag a shoithí lasmuigh d'aon fharraige theorann;
- (i) táirgí a rinneadh ar bord longa próiseála agus arb as na táirgí dá dtagraítear i bpointe (h) a rinneadh iad agus astu sin amháin;
- (j) earraí úsáidte a bailíodh ansin agus nach bhfuil oiriúnach ach le haghaidh amhábhair a aisghabháil;
- (k) dramhaíl agus fuíoll a tháinig as oibríochtaí monaraithe a rinneadh ansin;
- (l) táirgí a eastóscadh as grinneall na farraige nó as limistéar faoi bhun ghrinneall na farraige atá lasmuigh dá fharraige theorann ach a bhfuil cearta eisiacha saothraithe aige ina leith;
- (m) earraí a táirgeadh arb earraí iad a táirgeadh as na táirgí a luaitear go sonrach i bpointí (a) go (l) agus as na táirgí sin amháin.

2. Ní bheidh feidhm ag na téarmaí ‘soithí an Pháirtí sin’ agus ‘longa próiseála an Pháirtí sin’ i bpointí (h) agus (i) mhír 1 faoi seach ach amháin maidir le soithí agus longa próiseála a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

- (a) go bhfuil siad cláraithe sa Pháirtí is onnmhaireoir nó sa Pháirtí Comhlachaithe is allmhaireoir;
- (b) gurb í bratach an Pháirtí Ghaolmhair is onnmhaireoir nó an Pháirtí Ghaolmhair is allmhaireoir a bhíonn ar foluain acu;
- (c) go gcomhlíonann siad ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (i) go bhfuil siad faoi úinéireacht 50 % ar a laghad ag náisiúnaigh den Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir nó den Pháirtí Comhlachaithe is allmhaireoir; nó
 - (ii) gur le cuideachtaí iad:
 - a bhfuil a bpríomhoifig agus a bpríomhionad gnó sa Pháirtí is onnmhaireoir nó sa Pháirtí Comhlachaithe is allmhaireoir; agus
 - atá faoi úinéireacht 50 % ar a laghad ag an bPáirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir nó ag an bPáirtí Comhlachaithe is allmhaireoir nó ag eintitis phoiblí nó náisiúnaigh na bPáirtithe Comhlachaithe sin.

3. Chun críoch mhír 2, nuair is é an tAontas Eorpach an Páirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir nó an Páirtí Comhlachaithe is allmhaireoir, ciallaíonn sé Ballstáit an Aontais.

AIRTEAGAL 4

Oibriú nó próiseáil leordhóthanach

1. Gan dochar do mhír 3 den Airteagal seo agus d'Airteagal 6 den Fhoscríbhinn seo, táirgí nach bhfaightear go hiomlán i bPáirtí Comhlachaithe, measfar go ndearnadh oibriú nó próiseáil leordhóthanach orthu nuair a chomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn II le haghaidh na n- earraí lena mbaineann.
2. Maidir le táirge a fuair stádas tionscnaimh i bPáirtí Comhlachaithe i gcomhréir le mír 1, má úsáidtear an táirge sin mar ábhar chun táirge eile a mhonarú, ní chuirfear san áireamh na hábhair neamhthionscnaimh a d'fhéadfaí a úsáideadh chun é a mhonarú.
3. Déanfar a chinneadh ar comhlíonadh ceanglais mhír 1 i gcás gach táirge.

Os a choinne sin, i gcás ina mbeidh an riail ábhartha bunaithe ar chomhlíonadh uasmhéid d'ábhair neamhthionscnaimh, féadfaidh údarais chustaim na bPáirtithe Comhlachaithe a údarú d'onnmhaireoirí praghas an táirge díreach ón monarcha agus luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a ríomh ar bhonn meánluachanna mar a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo, d'fhonn na luaineachtaí i gcostais agus i rátaí airgeadra a chur san áireamh.

4. I gcás ina mbeidh feidhm ag an dara fomhír de mhír 3, ríomhfar meánphraghas an táirge díreach ón monarcha agus meánluach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh faoi seach ar bhonn shuim na bpraghsanna díreach ón monarcha a gearradh maidir le díolacháin uile na dtáirgí céanna a rinneadh le linn na bliana fíoscaí roimhe sin agus ar bhonn shuim na n-ábhar neamhthionscnaimh uile a úsáideadh chun na táirgí sin a mhonarú le linn na bliana fíoscaí roimhe sin mar a shainítear sa Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir, nó, i gcás nach mbeidh figiúirí le haghaidh bliain fhioscach iomlán ar fáil, le haghaidh tréimhse is lú, ar tréimhse nach lú ná 3 mhí í.

5. Onnmhaireoirí a shocróidh an ríomh a dhéanamh ar bhonn meánluachanna, cuirfidh siad an modh sin i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na bliana tar éis na bliana fioscaí tagartha, nó, i gcás inarb iomchuí, le linn na bliana tar éis na tréimhse is giorra a úsáidtear mar thagairt. Féadfaidh siad stad den mhodh sin a chur i bhfeidhm i gcás ina dtugann faoi deara, le linn bliain fhioscach ar leith nó le linn tréimhse ionadaíoch is lú ná 3 mhí, go bhfuil deireadh leis na luaineachtaí i gcostais nó i rátaí airgeadra a thug údar cuí le modh den sórt sin a úsáid.

6. Úsáidfear na meánluachanna dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo mar phraghas díreach ón monarcha agus mar luach na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi seach, chun a shuí go gcomhlíontar an t-uasmhéid d'ábhair neamhthionscnaimh.

AIRTEAGAL 5

Riail lamháltais

1. De mhaolú ar Airteagal 4 den Fhoscríbhinn seo agus faoi réir mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, ábhair neamhthionscnaimh nach ceart, de réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa liosta in Iarscríbhinn II, iad a úsáid chun táirge áirithe a mhonarú, féadfar na hábhair sin a úsáid mar sin féin, ar choinníoll nach mó a nglanmheáchan iomlán nó a nglanluach iomlán arna measúnú le haghaidh an táirge ná:

- (a) 15 % de ghlanmheáchan an táirge atá faoi Chaibidil 2 agus faoi Chaibidlí 4 go 24, seachas táirgí iascaigh próiseáilte atá faoi Chaibidil 16;
- (b) 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha i gcás táirgí seachas na táirgí sin a chumhdaítear le pointe (a).

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le táirgí atá faoi Chaibidlí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe, ar táirgí iad a mbeidh feidhm ag na lamháltais a luaitear i Nótaí 6 agus 7 d'Iarscríbhinn I maidir leo.

2. Ní cheadófar le mír 1 den Airteagal seo aon cheann de na céatadáin a shárú le haghaidh uaschion ábhar neamhthionscnaimh mar a shonraítear sna rialacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo maidir le táirgí a fuarthas go hiomlán i bPáirtí Comhlachaithe de réir bhrí Airteagal 3 den Fhoscríbhinn seo. Gan dochar d'Airteagail 6 agus 9(1) den Fhoscríbhinn seo, áfach, beidh feidhm ag an lamháltas dá bhforáiltear sna forálacha sin maidir le táirgí a gceanglaítear leis na rialacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II ina leith go bhfaighfear ina n- iomláine na hábhair a úsáidtear chun an táirge sin a mhonarú.

AIRTEAGAL 6

Oibriú nó próiseáil easpach

1. Gan dochar do mhír 2 den Airteagal seo, measfar nach leor an t- oibriú ná an phróiseáil a dhéantar sna hoibríochtaí seo a leanas chun stádas táirge tionscnaimh a thabhairt, bíodh ceanglais Airteagal 4 den Fhoscríbhinn seo comhlíonta nó ná bíodh:

- (a) oibríochtaí caomhnaithe atá dírithe ar a áirithiú go mbeidh dea-bhail ar na táirgí le linn iompair agus stórála;
- (b) briseadh agus cóimeáil pacáistí;
- (c) ní, glanadh; deannach, ocsaíd, ola, péint nó cumhdaigh eile a bhaint;
- (d) iarnáil nó fáisceadh teicstíle
- (e) oibríochtaí simplí péinteála agus snasúcháin;

- (f) rís a scilligeadh agus a mhuilleáil go páirteach nó go hiomlán; gránaigh agus rís a shnasú agus a ghlórnú;
- (g) oibríochtaí lena ndéantar siúcra a dhathú nó a bhlaistiú nó lena ndéantar cnapshiúcra; siúcra gránaithe a mheilt go páirteach nó ina iomláine;
- (h) torthaí, cnónna agus glasraí a scileadh, an craiceann a bhaint díobh agus na clocha a bhaint astu;
- (i) géarú, meilt shimplí nó gearradh simplí;
- (j) criathrú, scagadh, sórtáil, aicmiú, grádú, comhoiriúnú; (lena n-áirítear tacair earraí a dhéanamh);
- (k) an táirge a chur go simplí i mbuidéil, i gcannaí, i bhfleascáin, i málaí, i gcásanna, i mboscaí, a dhaingniú ar chartaí nó ar chláir, agus gach oibríocht pacáistithe shimplí eile;
- (l) marcanna, lipéid, suaitheantais agus comharthaí idirdhealaithe den chineál sin a ghreamú de tháirgí nó dá bpacáistíocht nó iad a phriontáil orthu;
- (m) táirgí a mheascadh go simplí, bídís ina dtáirgí de chineálacha éagsúla nó ná bídís;
- (n) siúcra a mheascadh le haon ábhar eile;
- (o) uisce a chur go simplí le táirgí nó iad a chaolú, a dhíhiodráitiú nó a dhínádúrú go simplí;
- (p) codanna d'earraí a chóimeáil go simplí chun earra iomlán a dhéanamh nó táirgí a dhíchóimeáil ina gcodanna;

(q) ainmhithe a mharú;

(r) teaghlaim de dhá cheann nó níos mó de na hoibríochtaí a shonraítear i bpointí (a) go (q).

2. Na hoibríochtaí uile a dhéantar sa Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir ar tháirge áirithe, cuirfear san áireamh iad nuair a chinnfear an easpach an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh ar an táirge sin de réir bhrí mhír 1.

AIRTEAGAL 7

Carnadh déthaobhach tionscnaimh

1. Gan dochar d’Airteagal 2 den Fhoscríbhinn seo, measfar gur de thionscnamh an Pháirtí Chomhlachaithe is onnmhaireoir iad táirgí nuair a onnmhairítear chuig an bPáirtí Comhlachaithe eile iad má fhaightear ansin iad, ina bhfuil ábhair de thionscnamh an Pháirtí Chomhlachaithe eile ar choinníoll gur mó an t-oibriú nó an phróiseáil a dhéantar sa Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir ná na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6 den Fhoscríbhinn seo. Ní bheidh sé riachtanach oibriú nó próiseáil leordhóthanach a bheith déanta ar na hábhair sin.

2. Gan dochar d’Airteagal 2 den Fhoscríbhinn seo, measfar oibriú nó próiseáil a rinneadh i bPáirtí Comhlachaithe a bheith déanta sa Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir nuair a dhéantar oibriú nó próiseáil ina dhiaidh sin ar na táirgí a fuarthas sa Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir sin.

AIRTEAGAL 8

Aonad Incháilitheachta

1. Is é a bheidh san aonad incháilitheachta chun an Fhoscríbhinn seo a chur i bhfeidhm an táirge sonrach a mheastar gurb é an bunaonad é agus an t- aicmiú á chinneadh trí úsáid a bhaint as ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe. Dá bhrí sin:
 - (a) i gcás ina ndéantar táirge, ar táirge é atá déanta as grúpa earraí nó as comhthiomsú earraí, a aicmiú faoi aon cheannteideal amháin de réir théarmaí an Chórais Comhchuibhithe, is é an táirge ina iomláine a bheidh san aonad incháilitheachta;
 - (b) nuair is coinsíneacht é ina bhfuil líon táirgí comhionanna atá aicmithe faoi aon cheannteideal amháin den Chóras Comhchuibhithe, cuirfear gach táirge aonair san áireamh agus forálacha na Rialacha seo á gcur i bhfeidhm.
2. I gcás ina n-áireofar, faoi Riail Ghinearálta 5 den Chóras Comhchuibhithe, an phacáistíocht in éineacht leis an táirge chun críoch aicmithe, áireofar í chun an áit tionscnaimh a chinneadh.
3. Gabhálaí, páirteanna breise agus uirlisí a sheoltar in éineacht le píosa trealaimh, meaisín, fearas nó feithicil, ar cuid den ghnáth-threalamh iad agus atá ar áireamh i bpraghas an ghnáth-threalaimh díreach ón monarcha, measfar gur cuid den phíosa trealaimh, den inneall, den fhearas nó den fheithicil sin iad.

AIRTEAGAL 9

Tacair

Maidir le tacair, mar a shainmhínítear i Riail Ghinearálta 3 den Chóras Comhchuibhithe iad, measfar gur tacair thionscnaimh iad más páirteanna tionscnaimh na páirteanna uile iontu. I gcás ina bhfuil idir tháirgí tionscnaimh agus táirgí neamhthionscnaimh i dtacar, measfar gur tacar tionscnaimh an tacar ina iomláine, áfach, ar choinníoll nach mó luach na dtáirgí neamhthionscnaimh ná 15 % de phraghas an tacair díreach ón monarcha.

AIRTEAGAL 10

Eilimintí Neodracha

Chun a chinneadh an táirge tionscnaimh é an táirge, ní chuirfear san áireamh tionscnaimh na nithe seo a leanas is féidir a úsáid le linn an mhonaraithe:

- (a) fuinneamh agus breosla;
- (b) gléasra agus trealamh;
- (c) meaisíní agus uirlisí;
- (d) aon earra eile nach dtéann isteach agus nach bhfuil ceaptha dul isteach i gcomhdhéanamh deiridh an táirge.

AIRTEAGAL 11

Deighilt chuntasaíochta

1. Má úsáidtear ábhair idirmhalartacha tionscnaimh agus neamhthionscnaimh le linn oibriú nó próiseáil táirge, is féidir le hoibreoirí eacnamaíocha a áirithiú go ndéanfar ábhair a bhainistiú trí úsáid a bhaint as an modh deighilte cuntasaíochta, gan na hábhair a choimeád ar stoic ar leithligh.
 2. Is féidir le hoibreoirí eacnamaíocha bainistiú táirgí idirmhalartacha tionscnaimh agus neamhthionscnaimh atá faoi cheannteideal CC 1701 a áirithiú trí úsáid a bhaint as an modh deighilte cuntasaíochta, gan na táirgí a choimeád ar stoic ar leithligh.
 3. Féadfaidh na Páirtithe Comhlachaithe ceanglas a leagan síos go gcuirfear deighilt chuntasaíochta i bhfeidhm ach údarú a fháil roimh ré ó na húdaráis chustaim. Féadfaidh na húdaráis chustaim an t-údarú a dheonú faoi réir aon choinníoll a mheasann siad a bheith iomchuí agus déanfaidh siad faireachán ar an úsáid a bhainfear as an údarú. Féadfaidh na húdaráis chustaim an t-údarú a tharraingt siar aon uair a bhainfidh an tairbhí úsáid mhíchuí as an údarú ar aon bhealach nó aon uair a mhainneoidh sé aon cheann de na coinníollacha eile a leagtar síos san Fhoscríbhinn seo a chomhlíonadh.
- Ní fhéadfar úsáid a bhaint as an deighilt chuntasaíochta ach amháin más féidir a áirithiú, aon tráth, nach mó an líon táirgí a mheastar mar ‘tháirgí de thionscnamh an Pháirtí Chomhlachaithe is onnmhaireoir’ ná mar a mheasfaí dá n-úsáidfí modh deighilte fisicí le haghaidh na stoc.

Cuirfear an modh i bhfeidhm agus taifeadfar a chur i bhfeidhm ar bhonn na bprionsabal cuntaíochta ginearálta is infheidhme sa Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir.

4. Tairbhí an mhodha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, soláthróidh sé cruthúnais ar thionscnamh le haghaidh chainníocht na dtáirgí a bhféadfadh a mheas gur de thionscnamh an Pháirtí Ghaolmhair is onnmhaireoir iad, nó cuirfidh sé isteach ar na cruthúnais ar thionscnamh sin. Ach iarratas a fháil ó na húdaráis chustaim, soláthróidh an tairbhí ráiteas faoin gcaoi ar bainistíodh na cainníochtaí.

CUID III

CEANGLAIS CHRÍCHE

AIRTEAGAL 12

Prionsabal an chríochachais

1. Comhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach i gCuid II gan aon bhriseadh sa Pháirtí Comhlachaithe lena mbaineann.
2. Má dhéantar táirgí tionscnaimh a onnmhairíodh ó Pháirtí Comhlachaithe chuig tríú tír a chur ar ais, measfar gur táirgí neamhthionscnaimh iad, murar féidir an méid seo a leanas a léiriú chun sástacht na n- údarás custaim:
 - (a) na táirgí siúd a cuireadh ar ais, is iad na táirgí céanna a onnmhairíodh; agus
 - (b) nach ndearnadh aon oibríocht orthu thar mar is gá chun bail mhaith a choimeád orthu le linn dóibh a bheith sa tír sin nó le linn a n-onnmhairithe.
3. Maidir le hoibriú nó próiseáil a dhéantar lasmuigh den Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir, ar ábhair a onnmhairítear ón bPáirtí Comhlachaithe sin agus a ath-allmhairítear chuige ina dhiaidh sin, ní dhéanfaidh an méid sin difear do stádas tionscnaimh a fháil i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i gCuid II, ar choinníoll:
 - (a) go bhfuarthas na hábhair sin ina n- iomláine sa Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir nó go ndearnadh oibriú nó próiseáil orthu thar na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6 den Fhoscríbhinn seo sular onnmhairíodh iad; agus

(b) gur féidir a léiriú chun sástacht na n-údarás custaim:

- (i) go bhfuarthas na táirgí a ath-allmhairíodh trí oibriú nó próiseáil a dhéanamh ar na hábhair a onnmhairíodh; agus
- (ii) nach bhfuil an breisluach iomlán a fuarthas lasmuigh den Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir, tríd an Airteagal seo a chur i bhfeidhm, níos mó ná 10 % den phraghas díreach ón monarcha le haghaidh an táirge deiridh dá n-éilítear na stádas tionscnaimh.

4. Chun críocha mhír 3 den Airteagal seo, na coinníollacha a leagtar amach i gCuid II maidir le stádas tionscnaimh a fháil, ní bheidh feidhm ag na coinníollacha sin maidir le hoibriú nó próiseáil a dhéantar lasmuigh den Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir. Mar sin féin, i gcás ina gcuirtear i bhfeidhm, sa liosta in Iarscríbhinn II, riail chun stádas tionscnaimh an táirge deiridh a chinneadh lena socraítear luach uasta na n-ábhar neamhthionscnaimh a ionchorpraítear, ní bheidh luach iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh a ionchorpraítear i gcríoch an Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir, in éineacht leis an mbreisluach iomlán a fuarthas lasmuigh den Pháirtí Comhlachaithe sin tríd an Airteagal seo a chur i bhfeidhm, ní bheidh sé níos mó ná an céatadán atá luaite.

5. Chun críocha mhíreanna 3 agus 4 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm, measfar go gciallóidh ‘breisluach iomlán’ gach costas arna thabhtú lasmuigh den Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir, lena n-áirítear luach na n-ábhar a ionchorpraítear ansin.

6. Ní bheidh feidhm ag mír 3 agus 4 den Airteagal seo maidir le táirgí nach gcomhlíonann na coinníollacha a liostaítear in Iarscríbhinn II nó nach féidir a mheas go ndearnadh oibriú nó próiseáil go leordhóthanach orthu ach amháin má chuirtear an lamháltas ginearálta a shocraítear in Airteagal 5 den Fhoscríbhinn seo i bhfeidhm.

7. Is faoi na socruithe próiseála amach, nó faoi shocruithe dá leithéid, a dhéanfar aon oibriú nó próiseáil den sórt a chumhdaítear leis an Airteagal seo agus a dhéantar lasmuigh den Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir.

AIRTEAGAL 13

Prionsabal na Neamhionramhála

1. Ní bheidh feidhm ag an gcóir fhabhrach dá bhforáiltear faoin gComhaontú seo ach amháin maidir le táirgí a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach san Fhoscríbhinn seo agus a dhearbhoífar lena n- allmhairiú i bPáirtí Comhlachaithe ar choinníoll gurb ionann na táirgí sin agus na táirgí sin a onnmhairítear ón bPáirtí is onnmhaireoir. Ní bheidh athrú ná claochlú déanta ar na táirgí ar aon bhealach ná ní bheidh oibriochtaí déanta orthu ach amháin chun dea-bhail a choinneáil orthu nó chun marcanna, lipéid, séalaí nó aon doiciméad a chur leo nó a ghreamú díobh lena áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais intíre shonracha de chuid an Pháirtí Ghaolmhair is allmhaireoir arna ndéanamh faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír (sna tríú tíortha) idirthurais, nó chun iad a roinnt sula ndéantar iad a dhearbhu le haghaidh úsáid intíre.
2. Féadfar táirgí nó coinsíneachtaí a stóráil, ar choinníoll go bhfanfaidh siad faoi mhaoirseacht na n- údarás custaim sa tríú tír/sna tríú tíortha idirthurais.
3. Gan dochar do Chuid IV den Fhoscríbhinn seo, féadfar coinsíneachtaí a roinnt, ar choinníoll go bhfanfaidh siad faoi mhaoirseacht na n- údarás custaim sa tríú tír/sna tríú tíortha ina ndéantar an roinnt.
4. I gcás amhrais, féadfaidh an Páirtí Comhlachaithe is allmhaireoir, aon tráth, a iarraidh ar an allmhaireoir nó ar a ionadaí gach doiciméad iomchuí a chur faoina bhráid chun fianaise a sholáthar go bhfuil an tAirteagal seo á chomhlíonadh, fianaise is féidir a sholáthar trí aon fhianaise dhoiciméadach, agus go háirithe ar na dóigheanna seo a leanas:
 - (a) doiciméid iompair chonarthaigh amhail billí luchta;

- (b) fianaise fhíorasach nó nithiúil atá bunaithe ar mharcáil nó uimhriú pacáistí;
- (c) deimhniú neamhchúblála arna sholáthar ag údaráis chustaim an tríú tír/na dtríú tíortha idirthurais nó roinnte nó aon doiciméid eile a léiríonn gur fhan na hearraí faoi mhaoirseacht na n- údarás custaim sa tríú tír/sna tríú tíortha idirthurais nó sa tríú tír/sna tríú tíortha roinnte; nó
- (d) aon fhianaise a bhaineann leis na hearraí féin.

AIRTEAGAL 14

Taispeántais

1. Táirgí tionscnaimh, a chuirtear lena dtaispeánt i dtír seachas an tír lena bhfuil an carnadh infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 7 den Fhoscríbhinn seo agus a dhíoltar tar éis an taispeántais lena n- allmhairiú i bPáirtí Comhlachaithe, tairbheoidh siad, tráth a n- allmhairithe, den Chomhaontú seo, ar an gcoinníoll go léirítear chun sástacht na n- údarás custaim:

- (a) gur choinsínigh onnmhaireoir na táirgí ó Pháirtí Comhlachaithe chuig an tír ina raibh an taispeántas ar siúl agus gur thaispeáin sé ann iad;
- (b) go ndearna an t-onnmhaireoir sin na táirgí a dhíol nó a dhiúscairt ar dhóigh eile le duine i bPáirtí Comhlachaithe eile;
- (c) gur coinsíníodh na táirgí, le linn an taispeántais nó go díreach tar éis an taispeántais sa Stát ar seoladh isteach ann iad lena dtaispeánt; agus

(d) nár úsáideadh na táirgí, ó coinsíníodh iad lena dtaispeáint, chun aon chríoch seachas chun iad a léiriú ag an taispeántas.

2. Déanfar cruthúnas tionscnaimh a eisiúint nó a tharraingt suas i gcomhréir le Cuid V agus a chur faoi bhráid údaráis chustaim an Pháirtí Chomhlachaithe is allmhaireoir ar an ngnáthmhodh. Beidh ainm agus seoladh an taispeántais luaite air. Más gá, féadfar fianaise dhoiciméadach eile a éileamh maidir leis na coinníollacha inar taispeánadh iad.

3. Beidh feidhm ag mír 1 maidir le haon taispeántas trádála, tionscail, talmhaíochta nó ceardaíochta, aon aonach nó léiriú nó taispeántas poiblí comhchosúil nach n-eagraítear chun críoch príobháideach i siopaí nó in áitribh ghnó d'fhonn táirgí eachtrannacha a dhíol agus a bhfanann na táirgí faoi rialú custaim lena linn.

CUID IV

CRUTHÚNAS TIONSCNAIMH

AIRTEAGAL 15

Ceanglais ghinearálta

1. Tairbheoidh táirgí de thionscnamh Páirtí Comhlachaithe, ar iad a allmhairiú isteach sa Pháirtí Comhlachaithe eile, d’fhorálacha an Chomhaontaithe seo ar cheann de na cruthúnais tionscnaimh seo a leanas a chur isteach:

- (a) deimhniú gluaiseachta EUR.1, a bhfuil sampla de in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an bhFoscríbhinn seo;
- (b) sna cásanna atá sonraithe in Airteagal 16(1) den Fhoscríbhinn seo, dearbhú, dá ngairtear an “dearbhu tionscnaimh” anseo feasta, arna thabhairt ag an allmhaireoir ar shonrasc, ar nóta seachadta nó ar aon doiciméad tráchtála eile ina bhfuil tuairisc ar na táirgí lena mbaineann agus atá mionsonraithe go leor chun iad a shainaithint; tá téacs an dearbhaithe tionscnaimh in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bhFoscríbhinn seo.

2. D’ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, tairbheoidh táirgí tionscnaimh de réir bhrí na Foscríbhinne seo, sna cásanna a shonraítear in Airteagal 25 den Fhoscríbhinn seo, d’fhorálacha an Chomhaontaithe seo gan gá a bheith ann aon cheann de na cruthúnais ar thionscnamh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur isteach.

3. Gan dochar do mhír 1, féadfaidh na Páirtithe Comhlachaithe a chomhaontú, ar mhaithe le trádáil fhabhrach eatarthu, go gcuirfear ráitis maidir le tionscnamh arna dtarraingt suas ag onnmhaiseoirí atá cláraithe i mbunachar sonraí leictreonach i gcomhréir le dlí na bPáirtithe Comhlachaithe in ionad na gcruthúnas tionscnaimh dá dtagraítear i mír 1.

4. Chun críocha mhír 1, féadfaidh na Páirtithe Comhlachaithe teacht ar chomhaontú maidir le córas a bhunú lena bhféadfar cruthúnais tionscnaimh dá dtagraítear i mír 1 a eisiúint nó a chur isteach go leictreonach.

AIRTEAGAL 16

Coinníollacha maidir le dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas

1. Féadfar dearbhú tionscnaimh dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 15(1) den Fhoscríbhinn seo a tharraingt suas:

- (a) ag onnmhaiseoir formheasta de réir bhrí Airteagal 17 den Fhoscríbhinn seo; nó
- (b) aon onnmhaiseoir i gcás aon choinsíneacht arb éard atá inti pacáiste amháin nó níos mó ina bhfuil táirgí tionscnaimh nach mó a luach iomlán ná EUR 6 000.

2. Féadfar dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas más féidir a mheas gur de thionscnamh Páirtí Comhlachaithe na táirgí agus go gcomhlíonann siad ceanglais eile na Fhoscríbhinne seo.

3. An t-onnmhaireoir a tharraingíonn suas dearbhú tionscnaimh, beidh sé réidh ag aon tráth, ar iarratas ó údaráis chustaim an Pháirtí Ghaolmhair is onnmhaireoir, na doiciméid iomchuí uile a chur isteach lena gcruthaítear stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann chomh maith le comhlíonadh na gceanglas eile atá sa Fhoscríbhinn seo.

4. Is é an t-onnmhaireoir a tharraingeoidh an dearbhú tionscnaimh suas tríd an dearbhú, a bhfuil a théacs in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bhFoscríbhinn seo, a chlósscríobh, a stampáil nó a phriontáil ar an sonrasc, ar an nóta seachadta nó ar aon doiciméad tráchtála eile, ag úsáid ceann de na leaganacha teangacha a leagtar amach san Iarscríbhinn sin i gcomhréir le forálacha dhlí náisiúnta an Pháirtí Ghaolmhair is onnmhaireoir. Má dhéantar an dearbhú a scríobh de láimh, is le dúch agus le carachtair phriontáilte a dhéanfar sin.

5. Beidh bunsíniú an onnmhaireora lámhscríofa ar dhearbhuithe tionscnaimh. Mar sin féin, ní bheidh ar onnmhaireoir formheasta de réir bhrí Airteagal 17 den Fhoscríbhinn seo na dearbhuithe sin a shíniú ar choinníoll go dtugann an t-onnmhaireoir gealltanais i scríbhinn d'údaráis chustaim an Pháirtí Chomhlachaithe is onnmhaireoir go nglacann an t-onnmhaireoir freagracht iomlán as aon dearbhú tionscnaimh ar a sainaitheann an t-onnmhaireoir amhail is dá mbeadh sé sínithe de láimh ag an onnmhaireoir.

6. Féadfaidh an t-onnmhaireoir dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas tráth a onnmhaireofar na táirgí a mbaineann sé leo, nó tar éis a n-onnmhairithe (an 'dearbhuú tionscnaimh cúlghabhálach') ar choinníoll go gcuirfear i láthair é sa Pháirtí Comhlachaithe is allmhaireoir laistigh de 2 bhliain tar éis allmhairiú na dtáirgí a mbaineann sé leo.

I gcás ina ndéantar na coinsíneachtaí a roinnt i gcomhréir le hAirteagal 13(3) den Fhoscríbhinn seo agus ar choinníoll go n-urramaítear an sprioc-am céanna de dhá bhliain, déanfaidh an t-onnmhaireoir formheasta i bPáirtí Comhlachaithe is onnmhairithe na dtáirgí an dearbhú tionscnaimh cúlghabhálach a tharraingt suas.

AIRTEAGAL 17

Onnmhaireoir formheasta

1. Féadfaidh údaráis chustaim an Pháirtí Chomhlachaithe is onnmhaireoir, faoi réir na gceanglas náisiúnta, aon onnmhaireoir atá bunaithe sa Pháirtí Comhlachaithe sin (an ‘t-onnmhaireoir formheasta’), a údarú chun dearbhuithe tionscnaimh a tharraingt suas gan beann ar luach na dtáirgí lena mbaineann.
2. Ní mór don onnmhaireoir a iarann údarú den sórt sin, na ráthaíochtaí uile is gá a thabhairt, chun sástacht na n-údarás custaim, chun a fhíorú go bhfuil stádas tionscnaimh ag na táirgí agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá san Fhoscríbhinn seo.
3. Tabharfaidh údaráis chustaim na tíre onnmhairithe uimhir údarúcháin chustaim don onnmhaireoir formheasta, agus beidh an uimhir sin le feiceáil ar an dearbhú tionscnaimh.
4. Fíoróidh na húdaráis chustaim úsáid cheart údaraithe. Féadfaidh na húdaráis chustaim an t- údarú a tharraingt siar i gcás ina mbaineann an t- onnmhaireoir formheasta úsáid mhíchuí as agus déanfaidh siad amhlaidh i gcás nach dtugann an t- onnmhaireoir formheasta na ráthaíochtaí dá dtagraítear i mír 2 a thuilleadh.

AIRTEAGAL 18

Nós imeachta maidir le deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint

1. Eiseoidh údaráis chustaim an Pháirtí Chomhlachaithe is onnmhaireoir deimhniú gluaiseachta EUR.1 ar iarratas i scríbhinn ón onnmhaireoir nó, faoi fhreagracht an onnmhaireora, óna ionadaí údaraithe.

2. Chun na críche sin, líonfaidh an t-onnmhaireoir nó a ionadaí údaraithe isteach an deimhniú gluaiseachta EUR.1 agus an fhoirm iarratais mar atá in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an bhFoscríbhinn seo. Déanfar na foirmeacha sin a chomhlánú i gceann de na teangacha ina dtarraingeofar suas an Comhaontú seo agus i gcomhréir le forálacha dhlí náisiúnta an Pháirtí Chomhlachaithe is onnmhaireoir. Má dhéantar an dearbhú a scríobh de láimh, is le dúch agus le carachtair phriontáilte a dhéanfar sin. Cuirfear an tuairisc ar na táirgí sa bhosca atá ann chun na críche sin gan aon líne a fhágáil bán. Mura mbeidh an bosca líonta isteach ina iomláine, tarraingeofar líne chothrománach faoi bhun líne dheireanach na tuairisce agus crosálfar an spás bán.

3. Déanfaidh an t-onnmhaireoir atá ag cur iarratas isteach ar eisiúint deimhniú gluaiseachta EUR.1, tráth ar bith, ar iarratas ó údaráis chustaim an Pháirtí Chomhlachaithe is onnmhaireoir ina n-eisítear an deimhniú gluaiseachta EUR.1, na doiciméid iomchuí uile a chur ar fáil ina bhfuil cruthúnas go bhfuil stádas tionscnaimh ag na táirgí lena mbaineann agus gur comhlíonadh na ceanglais eile atá san Fhoscríbhinn seo.

4. Eiseoidh údaráis chustaim an Pháirtí Chomhlachaithe is onnmhaireoir deimhniú gluaiseachta EUR.1 i gcás inar féidir a mheas gur táirgí tionscnaimh iad na táirgí lena mbaineann agus go gcomhlíonann siad ceanglais eile na Foscríbhinne seo.

5. Déanfaidh na húdaráis chustaim a eiseoidh na deimhnithe gluaiseachta EUR.1 aon bheart is gá chun stádas tionscnaimh na dtáirgí agus comhlíonadh na gceanglas eile atá san Fhoscríbhinn seo a fhíorú. Chun na críche sin, beidh an ceart acu aon fhianaise a iarraidh agus aon imscrúdú a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora nó tabhairt faoi aon sheiceáil eile a mheasfar a bheith iomchuí. Áiritheoidh siad freisin gur líonadh isteach go hiomchuí na foirmeacha dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo. Go háirithe, seiceálfaidh siad ar líonadh isteach an spás don tuairisc ar na táirgí ar bhealach nach féidir cur leis go calaoiseach in aon chor.

6. Beidh dáta eisiúna an deimhnithe gluaiseachta EUR.1 luaite ar an deimhniú gluaiseachta EUR.1 i mBosca 11.
7. Eiseoidh na húdaráis chustaim deimhniú gluaiseachta EUR.1 agus cuirfear ar fáil don onnmhaireoir é a luaithe a bheidh an t-onnmhairiú déanta nó áirithithe.

AIRTEAGAL 19

Deimhnithe gluaiseachta EUR.1 a eisítear go cúlghabhálach

1. D'ainneoin Airteagal 18(7) den Fhoscríbhinn seo, féadfar deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint tar éis onnmhairiú na dtáirgí lena mbaineann sé más rud é:
 - (a) nár eisíodh é tráth an onnmhairithe de dheasca earráidí nó easnaimh neamhdheonacha nó dálaí eisceachtúla;
 - (b) go léireofar chun sástacht na n-údarás custaim gur eisíodh deimhniú gluaiseachta EUR.1 ach nár glacadh é tráth an allmhairithe ar chúiseanna teicniúla;
 - (c) nár bh eol ceann scríbe na dtáirgí lena mbaineann tráth an onnmhairithe agus gur cinneadh é le linn a n-iompair nó a stórála, agus i ndiaidh coinsíneachtaí a roinnt, más rud é gur roinneadh iad, i gcomhréir le hAirteagal 13(3) den Fhoscríbhinn seo.
2. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, luafaidh an t-onnmhaireoir ina iarratas áit agus dáta onnmhairiú na dtáirgí a mbaineann an deimhniú gluaiseachta EUR.1 leo agus na cúiseanna atá lena iarratas.

3. Féadfaidh na húdaráis chustaim deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint go cúlghabhálach laistigh de 2 bhliain ó dháta an onnmhairithe agus tar éis dóibh a fhíorú go bhfuil an fhaisnéis a soláthraíodh in iarratas an onnmhaireora i gcomhréir leis an bhfaisnéis sa chomhad comhfhreagrach, agus tar éis sin amháin.
4. Ní mór an friotal seo a leanas i mBéarla a fhormhuiniú le deimhnithe gluaiseachta EUR.1 a eisítear go cúlghabhálach: ‘EISITHE GO CÚLGHABHÁLACH’.
5. Cuirfear an formhuiniú dá dtagraítear i mír 4 isteach i mBosca 7 de chuid an deimhnithe gluaiseachta EUR.1.

AIRTEAGAL 20

Dúblach de dheimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint

1. Má goideadh, má cailleadh nó má scriosadh deimhniú gluaiseachta EUR.1, féadfaidh an t-onnmhaireoir iarratas a chur isteach chuig na húdaráis chustaim a d’eisigh é ar dhúblach a tharraingeofar suas ar bhonn na ndoiciméad onnmhairiúcháin atá ina seilbh.
2. Beidh an focal seo a leanas i mBéarla mar fhormhuiniú ar an dúblach a eiseofar i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo: ‘DÚBLACH’.
3. Cuirfear an formhuiniú dá dtagraítear i mír 2 isteach i mBosca 7 de chuid dhúblach an deimhnithe gluaiseachta EUR.1.
4. Beidh dáta eisiúna an bhundeimhnithe gluaiseachta EUR.1 scríofa ar an dúblach agus beidh feidhm aige ón dáta sin ar aghaidh.

AIRTEAGAL 21

Bailíocht an chruthúnais tionscnaimh

1. Beidh cruthúnas tionscnaimh bailí go ceann 10 mí tar éis an dáta a eisítear nó a tarraingítear suas é sa Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir agus déanfar é a chur faoi bhráid údaráis chustaim an Pháirtí Chomhlachaithe is allmhaireoir laistigh den tréimhse sin.
2. Cruthúnais tionscnaimh a chuirfear faoi bhráid údaráis chustaim an Pháirtí Ghaolmhair is allmhaireoir tar éis na tréimhse bailíochta dá dtagraítear i mír 1, féadfar iad a ghlacadh chun fabhair tharaife a chur i bhfeidhm más de thoradh imthosca eisceachtúla nár cuireadh na doiciméid sin isteach faoin dáta deiridh a bhí socraithe.
3. I gcásanna eile ina dtíolactar na doiciméid sin go déanach, féadfaidh údaráis chustaim an Pháirtí Ghaolmhair is allmhaireoir cruthúnais ar thionscnamh a ghlacadh i gcás inar taispeánadh na táirgí don lucht custaim roimh an dáta deiridh sin.

AIRTEAGAL 22

Saorchriosanna

1. I gcás táirgí atá á dtrádáil faoi chumhdach cruthúnais tionscnaimh agus atá ag dul, le linn a n-iompair, trí shaorchrios ina gcríoch, déanfaidh na Páirtithe Comhlachaithe gach beart is gá chun a áirithiú nach gcuirfear earraí eile ina n-ionad agus nach ndéanfar láimhseáil orthu seachas gnáthoibríochtaí atá ceaptha meathlú orthu a chosc.

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina n-allmhaireofar táirgí de thionscnamh Páirtí Comhlachaithe a chuirfidh rialacha i bhfeidhm isteach i saorchrios faoi chumhdach cruthúnais tionscnaimh agus go ndéantar cóireáil nó próiseáil orthu, féadfar cruthúnas tionscnaimh nua a eisiúint nó a tharraingt suas má chomhlíonann an chóireáil nó an phróiseáil a rinneadh an Fhoscríbhinn seo.

AIRTEAGAL 23

Ceanglais allmhairiúcháin

Cuirfear cruthúnas ar thionscnamh faoi bhráid údaráis chustaim an Pháirtí Ghaolmhair is allmhaireoir i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme sa Pháirtí sin.

AIRTEAGAL 24

Allmhairiú i dtráthchodanna

I gcás ina ndéanfar, ar iarratas ón allmhaireoir agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos ag údaráis chustaim an Pháirtí Chomhlachaithe is allmhaireoir, táirgí atá díchóimeáilte nó neamhchóimeáilte de réir bhrí Riail Ghinearálta 2(a) um léirmhíniú ar an gCóras Comhchuibhithe faoi chuimsiú Roinn XVI agus Roinn XVII nó cheannteideal 7308 agus cheannteideal 9406, i gcás ina ndéanfar táirgí den sórt sin a allmhairiú i dtráthchodanna, cuirfear aon chruthúnas tionscnaimh amháin faoi bhráid na n-údarás custaim tráth a allmhaireofar an chéad tráthchuid.

AIRTEAGAL 25

Díolúintí ó chruthúnas tionscnaimh

1. Táirgí a sheolfar ina bpacáistí beaga ó dhaoine príobháideacha chuig daoine príobháideacha nó atá ina gcuid de bhagáiste pearsanta taistealaí, ligfear isteach i gcáil táirgí tionscnaimh iad gan cruthúnas tionscnaimh a bheith curtha isteach, ar choinníoll nach bhfuil na táirgí sin á n-allmhairiú lena dtrádáil agus gur dearbhaíodh go gcomhlíonann siad ceanglais na Foscríbhíne seo agus nach bhfuil aon amhras ann go bhfuil an dearbhú sin fíor.
2. Ní mheasfar i leith allmhairí gur allmhairí lena dtrádáil iad má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (a) gur allmhairí ócáideacha iad;
 - (b) nach bhfuil sna hallmhairí ach táirgí le haghaidh úsáid phearsanta na bhfaighteoirí nó na dtaistealaithe nó a dteaghlaigh amháin;
 - (c) más léir ar chineál agus ar chainníocht na dtáirgí nach bhfuil aon chríoch thrádála beartaithe dóibh.
3. Ní ceadmhach luach iomlán na dtáirgí sin a bheith os cionn EUR 500 i gcás pacáistí beaga nó EUR 1 200 i gcás táirgí atá ina gcuid de bhagáiste pearsanta taistealaithe.

AIRTEAGAL 26

Neamhréireachtaí agus earráidí foirmiúla

1. Má aimsítear neamhréireachtaí beaga idir na ráitis a rinneadh sa chruthúnas tionscnaimh agus na ráitis a rinneadh sna doiciméid a cuireadh faoi bhráid na hoifige custaim chun na foirmiúlachtaí a chomhlíonadh maidir le táirgí a allmhairiú, ní chuirfidh sin an cruthúnas tionscnaimh ar neamhní go hiomlán *ipso facto* má shuítear go gcomhfhreagraíonn an doiciméad sin do na táirgí ar tíolacadh ina leith é.
2. Earráidí ar léir gur earráidí foirmiúla iad amhail earráidí cló ar chruthúnas tionscnaimh, ní dhiúltófar do na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 dá ndeasca mura cúis amhrais iad maidir le cruinneas na ráiteas atá sna doiciméid sin.

AIRTEAGAL 27

Dearbhuithe soláthraí

1. Nuair a eisítear deimhniú gluaiseachta EUR.1 nó nuair a tharraingítear suas dearbhú tionscnaimh i bPáirtí Comhlachaithe le haghaidh táirgí tionscnaimh, ar úsáideadh le linn a monaraithe earraí ón bPáirtí eile ar a ndearnadh oibriú nó próiseáil sa Pháirtí sin gan stádas tionscnaimh fabhrach a bheith faighte acu, cuirfear san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 7 den Fhoscríbhinn seo, an dearbhú soláthraí a tugadh i leith na n- earraí sin i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. Beidh dearbhú soláthraí dá dtagraítear i mír 1 ina fhianaise ar an oibriú nó ar an bpróiseáil a rinneadh ar na hearraí lena mbaineann i bPáirtí Comhlachaithe, chun a chinneadh an bhféadfar na táirgí, ar úsáideadh na hearraí sin lena monarú, a mheas mar tháirgí tionscnaimh sa Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir agus an bhféadfar na ceanglais eile atá san Fhoscríbhinn seo a chomhlíonadh.

3. Ach amháin sna cásanna dá dtagraítear i mír 4, tarraingeoidh an soláthraí suas dearbhú soláthraí ar leithligh le haghaidh gach coinsíneachta earraí, san fhoirm a leagtar síos in Iarscríbhinn VI, ar leathanach páipéir i gceangal leis an sonrasc, leis an nóta seachadta nó le haon doiciméad tráchtála eile ina mbeidh tuairisc ar na hearraí lena mbaineann, tuairisc a bheidh mionsonraithe go leor chun iad a shainaithint.

4. Maidir le hearraí lena bhfuiltear ag súil go leanfaidh de bheith seasta ar feadh tréimhse an oibriú nó an phróiseáil a dhéantar orthu i bPáirtí Comhlachaithe, i gcás ina gcuireann soláthraí na hearraí sin ar fáil do chustaiméir go tráthrialta féadfaidh sé dearbhú soláthraí amháin a sholáthar lena gcumhdófar coinsíneachtaí earraí ina dhiaidh sin (an ‘dearbhú soláthraí fadtéarmach’).

Féadfaidh an dearbhú soláthraí fadtéarmach a bheith bailí ar feadh tréimhse suas le dhá bhliain ón dáta a tharraingeofar suas an dearbhú. Údarais chustaim an Pháirtí Ghaolmhair ina ndéanfar an dearbhú féadfaidh siad na coinníollacha a leagan síos faoina bhféadfar tréimhsí níos faide a úsáid.

Tarraingeoidh an soláthraí suas an dearbhú soláthraí fadtéarmach san fhoirm a leagtar síos in Iarscríbhinn VII agus beidh tuairisc ann ar na hearraí lena mbaineann, tuairisc a bheidh mionsonraithe go leor chun iad a shainaithint. Cuirfear é ar fáil don chustaiméir lena mbaineann sula dtabharfar dó an chéad choinsíneacht earraí a chumhdaítear leis an dearbhú sin nó i dteannta na chéad choinsíneachta. Cuirfidh an soláthróir an custaiméir ar an eolas láithreach i gcás nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag an dearbhú soláthraí fadtéarmach maidir leis na hearraí a sholáthraítear.

5. Déanfar na dearbhuithe soláthraí dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo a chlósscríobh nó a phriontáil i gceann de theangacha an Chomhaontaithe seo, i gcomhréir le dlí an Pháirtí Chomhlachaithe, arb é an áit a dtarraingítear suas an dearbhú é, agus beidh bunsíniú an tsoláthraí lámhscríofa orthu. Féadfaidh an dearbhú a scríobh de láimh freisin; sa chás sin, scríobhfar é le dúch i gcarachtair phriontáilte.

6. Beidh an soláthraí a tharraingíonn suas an dearbhú réidh le gach doiciméad iomchuí a chur isteach, tráth ar bith, ar iarraidh sin ó údarais chustaim an Pháirtí Ghaolmhair ina dtarraingítear suas an dearbhú, lena gcruthaítear go bhfuil an fhaisnéis a thugtar sa dearbhú sin ceart.

AIRTEAGAL 28

Suimeanna arna sloinneadh in euro

1. Chun críocha phointe (b) d’Airteagal 16(1) agus Airteagal 25(3) den Fhoscríbhinn seo i gcásanna ina sonrasctar táirgí in airgeadra seachas euro, déanfaidh gach Ballstát den Aontas Eorpach lena mbaineann méideanna atá coibhéiseach leis na méideanna arna sloinneadh in euro a shocrú go bliantúil in airgeadraí náisiúnta Bhallstáit an Aontais lena mbaineann nach bhfuil an euro glactha acu.

2. Tairbheoidh coinsíneacht de phointe (b) d’Airteagal 16(1) nó d’Airteagal 25(3) den Fhoscríbhinn seo trí thagairt don airgeadra ina dtarraingítear suas an sonrasc, de réir an mhéid arna shocrú ag an mBallstát den Aontas lena mbaineann.

3. Beidh na suimeanna atá le húsáid in airgeadra náisiúnta áirithe coibhéiseach san airgeadra sin leis na suimeanna arna sloinneadh in euro an chéad lá oibre de mhí Dheireadh Fómhair. Cuirfear na suimeanna in iúl don Choimisiún Eorpach faoin 15 Deireadh Fómhair agus beidh feidhm acu ón 1 Eanáir na bliana ina dhiaidh sin. Is é an Coimisiún Eorpach a fhógróidh na suimeanna ábhartha sin do na tíortha uile lena mbainfidh.

4. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann an méid a eascraíonn as méid arna shloinneadh in euro a chomhshó ina airgeadra náisiúnta a shlánú suas nó síos. Ní bheidh difríocht níos mó ná 5 % idir an méid arna slánú agus an méid atá mar thoradh ar an gcomhshó. Féadfaidh Ballstát den Aontas an choibhéis ina airgeadra náisiúnta féin den tsuim atá sloinnte in euro a choinneáil má thagann méadú níos lú ná 15 % ar an gcoibhéis ina hairgeadra náisiúnta féin as comhshó na suime sin, sula ndéanfar aon slánú uirthi tráth an choigeartaithe bhliantúil dá bhforáiltear i mír 3. Féadfar gan an choibhéis in airgeadra náisiúnta na tíre a athrú más rud é go dtiocfadh laghdú ar an luach coibhéiseach sin de thoradh a comhshóite.

5. Déanfaidh an Comhchoiste na suimeanna arna sloinneadh in euro a athbhreithniú ar iarratas ó Pháirtí Comhlachaithe. San athbhreithniú sin, breithneoidh an Comhchoiste a inmhianaithe atá sé éifeachtaí na dteorainneacha lena mbaineann a chaomhnú i dtéarmaí réadacha. Féadfaidh sé, chun na críche sin, cinneadh a dhéanamh na suimeanna arna sloinneadh in euro a mhodhnú.

CUID V

PRIONSABAIL AN CHOMHAIR AGUS NA FIANAISE DOICIMÉADAÍ

AIRTEAGAL 29

Fianaise dhoiciméadach, cruthúnas tionscnaimh
agus doiciméid tacaíochta a chaomhnú

1. Onnmhaiseoir ag a bhfuil dearbhú tionscnaimh tarraingthe suas nó ag a bhfuil iarratas curtha isteach ar dheimhniú gluaiseachta EUR.1, coimeádfaidh sé cóip chrua nó leagan leictreonach de na cruthúnais tionscnaimh sin agus de gach doiciméad lena dtacaítear le stádas tionscnaimh an táirge, go ceann 3 bliana ar a laghad ón dáta a eisíodh an dearbhú tionscnaimh nó a tarraingíodh suas é.
2. Coimeádfaidh an soláthraí a tharraingíonn suas dearbhú soláthraí ar feadh trí bliana ar a laghad cóipeanna den dearbhú agus de gach sonrasc, nóta seachadta nó doiciméid tráchtála eile dá gceanglaítear an dearbhú sin mar iarscríbhinn, chomh maith leis na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 27(6) den Fhoscríbhinn seo.

An soláthraí a tharraingíonn suas dearbhú soláthraí fadtéarmach, coimeádfaidh sé cóipeanna den dearbhú agus de gach sonrasc, nóta seachadta nó doiciméad tráchtála eile a bhaineann le hearraí a chumhdaítear leis an dearbhú sin agus a seoladh chuig an gcustaiméir lena mbaineann, chomh maith leis na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 27(6) den Fhoscríbhinn seo ar feadh trí bliana ar a laghad ón dáta a rachaidh bailíocht an dearbhaithe soláthraí fadtéarmach in éag.

3. Chun críocha mhír 1, is iad seo a leanas, *inter alia*, na doiciméid a thacaíonn leis an stádas tionscnaimh:

- (a) fianaise dhíreach ar na próisis a rinne an t-onnmhaireoir nó an soláthraí chun an táirge a fháil, ar fianaise í, mar shampla, atá ina chuid cuntas nó ina leabharchoimeád inmheánach;
- (b) doiciméid lena gcruthaítear stádas tionscnaimh na n-ábhar a úsáideadh, ar doiciméid iad arna n-eisiúint nó arna dtarraingt suas, i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta, sa Pháirtí Comhlachaithe ábhartha;
- (c) doiciméid lena gcruthaítear oibriú nó próiseáil na n-ábhar sa Pháirtí Comhlachaithe ábhartha, arna dtarraingt suas nó arna n-eisiúint sa Pháirtí Comhlachaithe sin i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta;
- (d) dearbhuithe tionscnaimh nó deimhnithe gluaiseachta EUR.1 lena gcruthaítear stádas tionscnaimh na n-ábhar a úsáideadh, arna dtarraingt suas nó arna n-eisiúint sna Páirtithe Comhlachaithe i gcomhréir leis an bhFoscúbhinn seo;
- (e) fianaise iomchuí maidir le hoibriú nó próiseáil a rinneadh lasmuigh de na Páirtithe Comhlachaithe de bhun Airteagail 12 agus 13 den Fhoscúbhinn seo, lena gcruthaítear comhlíonadh cheanglais na nAirteagal sin.

4. Coimeádfaidh údaráis chustaim an Pháirtí Chomhlachaithe is onnmhaireoir a eisíonn deimhnithe gluaiseachta EUR.1 an fhoirm iarratais dá dtagraítear in Airteagal 18(2) den Fhoscúbhinn seo ar feadh trí bliana ar a laghad.

5. Déanfaidh údaráis chustaim an Pháirtí Ghaolmhair is allmhaireoir na dearbhuithe tionscnaimh agus na deimhnithe gluaiseachta EUR.1 a chuirtear faoina mbráid a choimeád ar feadh 3 bliana ar a laghad.

6. I dtaca le dearbhuithe soláthraí lena gcruthaítear go ndearnadh oibriú nó próiseáil ar na hábhair a úsáideadh, i bPáirtí Comhlachaithe, ar dearbhuithe iad a tarraingíodh suas sa Pháirtí Comhlachaithe sin, déileálfar leo mar dhoiciméad dá dtagraítear in Airteagail 16(3), 18(4) agus 27(6) den Fhoscríbhinn seo a úsáidtear chun a chruthú gur féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh an Pháirtí Comhlachaithe sin a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm iad na táirgí arna gcumhdach le deimhniú gluaiseachta EUR.1 nó le dearbhú tionscnaimh agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá san Fhoscríbhinn seo.

AIRTEAGAL 30

Réiteach Díospóidí

Gan dochar d’Airteagal 90 den Chreat- Chomhaontú, i gcás ina mbeidh díospóidí ann i ndáil leis na nósanna imeachta fíorúcháin faoi Airteagal 32 agus 33, nó i ndáil le léirmhíniú na Fhoscríbhinne seo, ar díospóidí iad nach féidir a réiteach idir na húdaráis chustaim a d’iarr fíorú agus na húdaráis chustaim atá freagrach as an bhfíorú a chur i gcrích, cuirfear na díospóidí sin faoi bhráid an Chomhchoiste. Déanfar díospóidí idir allmhaireoir agus údaráis chustaim an Pháirtí Comhlachaithe is allmhaireoir a shocrú i gcomhréir le reachtaíocht an Pháirtí Comhlachaithe sin.

CUID VI

COMHAR RIARACHÁIN

AIRTEAGAL 31

Fógra agus comhar

1. Cuirfidh údaráis chustaim na bPáirtithe Comhlachaithe ar fáil dá chéile clónna samplacha de stampaí a úsáidtear ina n-oifigí custaim le haghaidh eisiúint deimhnithe gluaiseachta EUR.1, chomh maith le samhlacha na n-uimhreacha údaráithe a deonaíodh d'onnmhaireoirí formheasta agus seoltaí na n-údarás custaim ar a bhfuil an fhreagracht maidir le fíorú na ndeimhnithe agus na ndearbhuithe tionscnaimh sin.
2. Chun cur i bhfeidhm cuí na Foscríbhíne seo a áirithiú, tabharfaidh údaráis chustaim na bPáirtithe Comhlachaithe cúnamh dá chéile chun barántúlacht na ndeimhnithe gluaiseachta EUR.1, na ndearbhuithe tionscnaimh, na ndearbhuithe soláthraí agus cruinneas na faisnéise a sholáthraítear sna doiciméid sin a sheiceáil.

AIRTEAGAL 32

Cruthúnais tionscnaimh a fhíorú

1. Déanfar fíoruithe dá éis sin ar chruthúnais ar thionscnamh go randamach nó i gcásanna ina bhfuil amhras réasúnta ar údaráis chustaim an Pháirtí Ghaolmhair is allmhaireoir faoi bharántúlacht na ndoiciméad sin, stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann nó comhlíonadh na gceanglas eile atá san Fhoscríbhinn seo.

2. Nuair a iarrann siad fíorú dá éis sin, cuirfidh údaráis chustaim an Pháirtí Ghaolmhair is allmhaireoir ar ais an deimhniú gluaiseachta EUR.1, an sonrasc, má cuireadh isteach é, agus an dearbhú tionscnaimh, nó cóipeanna de na doiciméid sin chuig údaráis chustaim an Pháirtí Ghaolmhair is onnmhaireoir agus tabharfaidh siad, más iomchuí, na cúiseanna atá le fíorú a iarraidh. Aon doiciméid agus aon fhaisnéis a fuarthas ina dtabharfar le fios go bhfuil an fhaisnéis a tugadh sa chruthúnas tionscnaimh míchruinn, seolfar ar aghaidh iad chun tacú leis an iarraidh ar fhíorú.
3. Is iad údaráis chustaim an Pháirtí Ghaolmhair is onnmhaireoir a dhéanfaidh an fíorú. Chun na críche sin, beidh an ceart acu aon fhianaise a iarraidh agus aon imscrúdú a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora nó tabhairt faoi aon sheiceáil eile a mheasfar a bheith iomchuí.
4. Má chinneann údaráis chustaim an Pháirtí Ghaolmhair is allmhaireoir an chóir fhabhrach le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann a chur ar fionraí go dtí go dtiocfaidh torthaí an fhíoraithe sin isteach, tairgfear scaoileadh na dtáirgí don allmhaireoir faoi réir aon bheart réamhchúraim a mheasfar a bheith riachtanach.
5. A luaithe is féidir, cuirfear torthaí an fhíoraithe in iúl do na húdaráis chustaim a d'iarr an fíorú sin. Léireoidh na torthaí sin go soiléir cé acu a bhfuil na doiciméid barántúil nó nach bhfuil agus an féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh ceann de na Páirtithe Comhlachaithe iad na táirgí lena mbaineann agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá san Fhoscríbhinn seo.
6. Más rud é, i gcás ina bhfuil amhras réasúnta ann, nach bhfuarthas aon fhreagra faoi cheann 10 mí ó dháta na hiarrata ar fhíorú, nó mura leor an fhaisnéis chun barántúlacht an doiciméid i gceist nó fíorthionscnamh na dtáirgí a chinneadh, déanfaidh na húdaráis chustaim a d'iarr an fíorú, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, teidlíocht ar an gcóir fhabhrach a dhiúltú.

AIRTEAGAL 33

Na dearbhuithe soláthraí a fhíorú

1. Féadfar fíoruithe dá éis sin a dhéanamh ar dhearbhuithes soláthraí nó ar dhearbhuithes soláthraí fadtéarmacha go randamach nó nuair atá amhras réasúnta ar údaráis chustaim Páirtí Chomhlachaithe, áit ar cuireadh na dearbhuithe sin san áireamh chun deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint nó chun dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas, ar amhras é faoi bharántúlacht an doiciméid nó faoi chruinneas na faisnéise atá sa doiciméad sin.

2. Chun críocha mhír 1, déanfaidh údaráis chustaim an Pháirtí Chomhlachaithe an dearbhú soláthraí nó an dearbhú soláthraí fadtéarmach agus sonrasc/sonraisc, nóta/nótaí seachadta nó doiciméad/doiciméid tráchtála eile a bhaineann le hearraí a chumhdaítear leis an dearbhú sin, a chur ar ais chuig údaráis chustaim an Pháirtí Chomhlachaithe inar tarraingíodh suas an dearbhú, agus sonródh siad, i gcás inarb iomchuí, cúiseanna atá le substaint nó le foirm na hiarrata ar fhíorú.

Seolfaidh siad ar aghaidh, mar thaca leis an iarraidh ar fhíorú iardain, aon doiciméid nó aon fhaisnéis a fuarthas a thugann le tuiscint gur faisnéis mhícheart an fhaisnéis a thugtar sa dearbhú soláthraí nó sa dearbhú soláthraí fadtéarmach.

3. Údaráis chustaim an Pháirtí Ghaolmhair, arb é an áit a tarraingíodh suas an dearbhú soláthraí nó an dearbhú soláthraí fadtéarmach é, is iad na húdaráis sin a dhéanfaidh an fíorú. Chun na críche sin, beidh an ceart acu aon fhianaise a iarraidh agus aon imscrúdú a dhéanamh ar chuntais an tsoláthraí nó tabhairt faoi aon seiceáil eile a mheasfaidh siad a bheith iomchuí.

4. A luaithe is féidir, cuirfear torthaí an fhíoraithe in iúl do na húdaráis chustaim a d'iarr an fíorú sin. Léireofar go soiléir sna torthaí sin cé acu atá an fhaisnéis a thugtar sa dearbhú soláthraí nó sa dearbhú soláthraí fadtéarmach cruinn nó nach bhfuil agus a chur ar chumas na n-údarás custaim a chinneadh an bhféadfar, agus a mhéid a fhéadfar, an dearbhú sin a chur san áireamh chun deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint nó chun dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas.

AIRTEAGAL 34

Pionóis

Déanfaidh gach Páirtí Comhlachaithe foráil maidir le pionóis choiriúla, shibhialta nó riaracháin a fhorchur le haghaidh sáruithe ar a reachtaíocht náisiúnta a bhaineann leis an bhFoscúbhinn seo.

CUID VII

CUR I BHFEIDHM NA FOSCRÍBHINNE

AIRTEAGAL 35

Poblacht San Mairíne

Gan dochar d’Airteagal 2 den Fhoscríbhinn seo, mar gheall ar an aontas custaim idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne, measfar gur de thionscnamh an Aontais Eorpaigh táirge de thionscnamh Phoblacht San Mairíne.

AIRTEAGAL 36

Ceuta agus Melilla

1. Chun críocha na Foscscríbhinn seo, ní chumhdófar leis an téarma ‘AE’ Ceuta ná Melilla.
2. Maidir le táirgí de thionscnamh Andóra, nuair a allmhairítear isteach in Ceuta nó Melilla iad, tairbheoidh siad, ar gach slí, den chóras custaim a chuirtear i bhfeidhm i gcás táirgí de thionscnamh chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh de réir Phrótacal 2 den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile agus oiriúnuithe na gConarthaí¹. Maidir le hallmhairí táirgí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo agus ar de thionscnamh Ceuta agus Melilla iad, deonóidh Andóra dóibh an córas custaim céanna a dheonaítear i gcás táirgí a allmhairítear ón Aontas agus ar de thionscnamh an Aontais iad.

¹ IO L 302, 15.11.1985, lch. 23.

3. Chun críocha mhír 2 den Airteagal seo a bhaineann le táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla, beidh feidhm ag an bhFoscúbhinn seo *mutatis mutandis* faoi réir na gcoinníollacha speisialta a leagtar amach in Iarscúbhinn V.

NÓTAÍ RÉAMHRÁITEACHA A GHABHANN LEIS AN LIOSTA IN IARSCRÍBHINN II

Nóta 1 – Réamhrá ginearálta

Leagtar amach sa liosta seo na coinníollacha is gá a chomhlíonadh maidir le gach táirge chun a mheas go bhfuil siad leoroibrithe nó leorphróiseáilte de réir bhrí Airteagal 4 de Chuid II den Fhoscríbhinn seo. Tá ceithre chineál éagsúla rialacha ann, a athraíonn ag brath ar an táirge:

- (a) trí oibriú nó trí phróiseáil, ní théitear thar uasmhéid ábhar neamhthionscnaimh;
- (b) trí oibriú nó trí phróiseáil, éiríonn ceannnteideal 4 dhigit an Chórais Chomhchuibhithe nó fo-cheannnteideal 6 dhigit an Chórais Chomhchuibhithe don táirge monaraithe éagsúil le ceannnteideal 4 dhigit an Chórais Chomhchuibhithe nó le fo-cheannnteideal 6 dhigit an Chórais Chomhchuibhithe faoi seach do na hábhair arna n-úsáid;
- (c) déantar oibríocht shonrach oibrithe nó próiseála;
- (d) déantar oibriú nó próiseáil ar ábhair áirithe a fuarthas go hiomlán.

Nóta 2 – Struchtúr an liosta

- 2.1. Sa chéad dá cholún den liosta tugtar tuairisc ar an táirge a fuarthas. Tugtar sa cholún (1) uimhir an cheannteidil nó uimhir na caibidle a úsáidtear sa Chóras Comhchuibhithe, agus tugtar sa cholún (2) tuairisc ar na hearraí a úsáidtear sa chóras sin faoin gceannteideal nó faoin gcaibidil sin. I gcás gach iontrála sa chéad dá cholún sonraítear riail i gcolún (3). I gcásanna áirithe ina dtagann “ex” roimh an iontráil sa cholún (1), ciallaíonn sé sin nach bhfuil feidhm ag na rialacha i gcolún (3) ach amháin maidir leis an gcuid den cheannteideal ar a dtugtar tuairisc i gcolún (2).
- 2.2. I gcás ina gcuirtear roinnt uimhreacha ceannteidil le chéile i ngrúpaí i gcolún (1) nó ina dtugtar uimhir chaibidle agus an tuairisc ar na táirgí i gcolún (2) i dtéarmaí ginearálta dá bharr, tá feidhm ag na rialacha atá in aice leo i gcolún (3) maidir le gach táirge, faoin gCóras Comhchuibhithe, a aicmítear i gceannteidil na caibidle nó in aon cheann de na ceannteidil atá le chéile i ngrúpaí i gcolún (1).
- 2.3. I gcás ina bhfuil rialacha éagsúla sa liosta a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí éagsúla laistigh de cheannteideal, i ngach fleasc tá tuairisc ar an gcuid den cheannteideal atá faoi chumhdach na rialacha atá in aice leo i gcolún (3).
- 2.4. I gcás ina leagtar amach dhá riail mhalartacha i gcolún (3), agus ‘nó’ eatarthu, is faoi rogha an onnmhaireora é cén ceann a úsáidfear.

Nóta 3 – Samplaí den chaoi leis na rialacha a chur i bhfeidhm

- 3.1. Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chuid II den Fhoscríbhinn seo, maidir le táirgí a bhfuil stádas tionscnaimh faighte acu agus a úsáidtear le linn monarú táirgí eile, is cuma ar baineadh an stádas sin amach laistigh den mhonarcha ina n-úsáidtear na táirgí sin nó i monarcha eile i bPáirtí Comhlachaithe.
- 3.2. De bhun Airteagal 6 de Chuid II den Fhoscríbhinn seo, rachaidh an t-oibriú nó an phróiseáil a dhéantar níos faide ná an liosta oibríochtaí a luaitear san Airteagal sin. Mura dtéann, ní bheidh na hearraí incháilithe le haghaidh dheonú shochar na cóireála fabhraí taraife, fiú má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach sa liosta thíos.

Gan dochar d'Airteagal 6 de Chuid II den Fhoscríbhinn seo, is éard atá sna rialacha atá sa liosta an t-íosmhéid oibrithe nó próiseála is gá agus má dhéantar tuilleadh oibrithe nó próiseála tugtar stádas tionscnaimh freisin; os a choinne sin, ní thugtar stádas tionscnaimh má dhéantar níos lú oibrithe nó próiseála.

Dá bhrí sin, má fhoráiltear le riail go bhféadfar ábhar neamhthionscnaimh de leibhéal áirithe monaraithe a úsáid, cheadaítear an t-ábhar sin a úsáid ag céim níos luaithe sa mhonarú, agus ní cheadaítear an t-ábhar sin a úsáid ag céim níos déanaí.

Má fhoráiltear le riail nach bhféadfar ábhar neamhthionscnaimh de leibhéal áirithe monaraithe a úsáid, cheadaítear ábhair a úsáid atá ag céim níos luaithe sa mhonarú agus ní cheadaítear ábhair a úsáid atá ag céim níos déanaí.

- 3.3. Gan dochar do Nóta 3.2, i gcás riail ina bhfuil ‘Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal’, féadfar ábhair faoi aon cheannteideal nó cheannteidil (fiú ábhair arb ionann tuairisc agus ceannteideal dóibh féin agus don táirge) a úsáid sa chás sin, faoi réir aon srian sonrach a d’fhéadfadh a bheith sa riail freisin, áfach.

Mar sin féin, ciallaíonn an nath ‘Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile atá faoi cheannteideal ...’ nó ‘Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair arb ionann ceannteideal dóibh féin agus don táirge’ go bhféadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal a úsáid, seachas na hábhair sin arb ionann tuairisc dóibh agus don táirge mar a thugtar i gcolún (2) sa liosta.

- 3.4. Nuair a shonraítear le riail sa liosta go bhféadfar táirge a mhonarú as níos mó ná aon ábhar amháin, ciallaíonn sé sin go bhféadfar ábhar amháin nó níos mó a úsáid. Ní gá na hábhair go léir a úsáid de réir na rialach sin.
- 3.5. Nuair a shonraítear faoi riail sa liosta nach mór táirge a mhonarú as ábhar ar leith, ní chuireann an coinníoll sin cosc ar ábhair eile a úsáid, ábhair nach féidir leo, mar gheall ar a gcineál féin, an coinníoll a chomhlíonadh.
- 3.6. I gcás riail sa liosta, ina dtugtar dhá chéatadán le haghaidh uasluach na n-ábhar neamhthionscnaimh is féidir a úsáid, ní fhéadfar na céatadáin sin a chur le chéile. Is é sin le rá, ní fhéadfaidh uasluach na n-ábhar neamhthionscnaimh go léir a úsáidtear a bheith níos mó ná an céatadán is airde a thugtar. Ní shárófar na céatadáin aonair i dtaca leis na hábhair ar leith a bhfuil feidhm acu maidir leo.

Nóta 4 – Forálacha ginearálta maidir le hearraí talmhaíochta áirithe

- 4.1 Earraí talmhaíochta a thagann faoi cheannteideal 2401 agus a fhástar nó a bhaintear i gcríoch Páirtí Chomhlachaithe, measfar gur de thionscnamh chríoch an Pháirtí Chomhlachaithe sin iad, fiú má fhástar iad ó shíolta, bleibíní, fréamhstoc, gearrthóga, beangáin, péacáin, bachlóga, nó codanna beo eile de phlandaí a allmhairítear.
-

LIOSTA DEN OIBRIÚ NÓ DEN PHRÓISEÁIL IS GÁ A DHÉANAMH AR ÁBHAIR NEAMHTHIONSCNAIMH CHUN GO DTABHARFAR AN STÁDAS ‘TÁIRGE TIONSCNAIMH’ DON TÁIRGE MONARAITHE

Ceannteideal	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh
(1)	(2)	(3)
ex Caibidil 24	Tobac agus ionadaigh tobac mhonaraithe; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannnteideal nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi cheannnteideal 2401 ná 30 % de mheáchan iomlán na n-ábhar atá faoi Chaibidil 24 a úsáidtear lena linn
2401	Tobac neamh-mhonaraithe; iarmhar tobac	Monarú ina bhfaightear go hiomlán na hábhair uile faoi cheannnteideal 2401
2402	Todóga, seiriúit, todóigíní agus toitíní, de thobac nó d’ionadaigh tobac	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannnteideal, nach é cheannnteideal an táirge é ná cheannnteideal an tobac lena chaitheamh atá faoi fho-cheannnteideal 2403 19, inarb ábhair a fhaightear go hiomlán atá in 10 % ar a laghad de mheáchan na n-ábhar uile faoi cheannnteideal 2401 a úsáidtear lena linn
ex 2404	Táirgí atá ceaptha le haghaidh ionanálú trína téamh nó ar bhealach eile, gan dóchán	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannnteideal nach é cheannnteideal an táirge é, atá faoi cheannnteideal 2403 ina bhfuil ar a laghad 10 % de mheáchan na n-ábhar uile atá faoi cheannnteideal 2401, agus a úsáidtear ann, a fhaightear go hiomlán

TÉACS AN DEARBHAITHE TIONSCNAIMH

Ní mór an dearbhú tionscnaimh, a dtugtar a théacs thíos, a tharraingt suas i gcomhréir leis na fonótaí. Mar sin féin, ní gá na fonótaí a athsholáthar.

An leagan Bulgáirise

Износителят на продуктите, обхванати от този документ (митническо разрешение № ...⁽¹⁾) декларира, че освен където ясно е отбелязано друго, тези продукти са с ... преференциален произход⁽²⁾.

An leagan Spáinnise

El exportador de los productos incluidos en el presente documento (autorización aduanera no ...⁽¹⁾) declara que, salvo indicación en sentido contrario, estos productos gozan de un origen preferencial ...⁽²⁾.

An leagan Seicise

Vývozce výrobků uvedených v tomto dokumentu (číslo povolení ...⁽¹⁾) prohlašuje, že kromě zřetelně označených mají tyto výrobky preferenční původ v ...⁽²⁾.

An leagan Danmhairgise

Eksportøren af varer, der er omfattet af nærværende dokument, (toldmyndighedernes tilladelse nr. ...⁽¹⁾), erklærer, at varerne, medmindre andet tydeligt er angivet, har præferenceoprindelse i ...⁽²⁾.

An leagan Gearmáinise

Der Ausführer (Bewilligungs-Nr. ...⁽¹⁾) der Waren, auf die sich dieses Handelspapier bezieht, erklärt, dass diese Waren, soweit nicht anders angegeben, präferenzbegünstigte ...⁽²⁾ Ursprungswaren sind.

An leagan Eastóinise

Käesoleva dokumendiga hõlmatud toodete eksportija (tolli luba nr ...⁽¹⁾) deklareerib, et need tooted on ...⁽²⁾ sooduspäritoluga, välja arvatud juhul, kui on selgelt näidatud teisiti.

An leagan Gréigise

Ο εξαγωγέας των προϊόντων που καλύπτονται από το παρόν έγγραφο (άδεια τελωνείου υπ' αριθ. ...⁽¹⁾) δηλώνει ότι, εκτός εάν δηλώνεται σαφώς άλλως, τα προϊόντα αυτά είναι προτιμησιακής καταγωγής ...⁽²⁾.

An leagan Béarla

Onnmhaireoir na dtáirgí a chumhdaítear sa doiciméad seo (Uimhir údaráithe chustaim ... ⁽¹⁾)
dearbhaítear leis seo, mura sonraítear a mhalairt go soiléir, gur táirgí de thionscnamh ... ⁽²⁾
tionscnamh fabhrach.

An leagan Fraincise

L'exportateur des produits couverts par le présent document (autorisation douanière no ... ⁽¹⁾)
déclare que, sauf indication claire du contraire, ces produits ont l'origine préférentielle ... ⁽²⁾.

An leagan Cróitise

Izvoznik proizvoda obuhvaćenih ovom ispravom (carinsko ovlaštenje br. ... ⁽¹⁾) izjavljuje da su,
osim ako je drukčije izričito navedeno, ovi proizvodi ... ⁽²⁾ preferencijalnog podrijetla.

An leagan Iodáilise

L'esportatore delle merci contemplate nel presente documento (autorizzazione doganale n. ... ⁽¹⁾)
dichiara che, salvo indicazione contraria, le merci sono di origine preferenziale ... ⁽²⁾.

An leagan Laitvise

To produktu eksportētājs, kuri ietverti šajā dokumentā (muitas atļauja Nr. ... ⁽¹⁾), deklarē, ka,
izņemot tur, kur ir citādi skaidri noteikts, šiem produktiem ir preferenciāla izcelsme ... ⁽²⁾.

An leagan Liotuáinise

Šiame dokumente išvardytų produktų eksportuotojas (muitinės liudijimo Nr. ... ⁽¹⁾) deklaruoja, kad, jeigu kitaip nenurodyta, tai yra ... ⁽²⁾ preferencinės kilmės produktai.

An leagan Ungáirise

A jelen okmányban szereplő áruk exportőre (vámfelhatalmazási szám: ... ⁽¹⁾) kijelentem, hogy eltérő egyértelmű jelzés hiányában az áruk preferenciális ... ⁽²⁾ származásúak.

An leagan Máltaise

L-esportatur tal-prodotti koperti b'dan id-dokument (awtorizzazzjoni tad-dwana Nru ... ⁽¹⁾) jiddikjara li, ħlief fejn indikat b'mod ċar li mhux hekk, dawn il-prodotti huma ta' oriġini preferenzjali ... ⁽²⁾.

An leagan Ollainnise

De exporteur van de goederen waarop dit document van toepassing is (douanevergunning nr. ... ⁽¹⁾), verklaart dat, behoudens uitdrukkelijke andersluidende vermelding, deze goederen van preferentiële ... oorsprong zijn ⁽²⁾.

An leagan Polainnise

Eksporter produktów objętych tym dokumentem (upoważnienie władz celnych nr ... ⁽¹⁾) deklaruje, że z wyjątkiem gdzie jest to wyraźnie określone, produkty te mają ... ⁽²⁾ preferencyjne pochodzenie.

An leagan Portaingéilise

O, exportador dos produtos cobertos pelo presente documento (autorização aduaneira n.o ... ⁽¹⁾), declara que, salvo expressamente indicado expressa em contrário, estes produtos são de origem preferencial ... ⁽²⁾.

An leagan Rómáinise

Exportatorul produselor ce fac obiectul acestui document (autorizația vamală nr. ... ⁽¹⁾) declară că, exceptând cazul în care în mod expres este indicat altfel, aceste produse sunt de origine preferențială ... ⁽²⁾.

An leagan Slóivéinise

Izvoznik blaga, zajetega s tem dokumentom (pooblastilo carinskih organov št. ... ⁽¹⁾) izjavlja, da, razen če ni drugače jasno navedeno, ima to blago preferencialno ... ⁽²⁾ poreklo.

An leagan Slóvaicise

Vývozca výrobkov uvedených v tomto dokumente (číslo povolenia ... ⁽¹⁾) vyhlasuje, že okrem zreteľne označených, majú tieto výrobky preferenčný pôvod v ... ⁽²⁾.

An leagan Fionlainnise

Tässä asiakirjassa mainittujen tuotteiden viejä (tullin lupa N:o ... ⁽¹⁾) ilmoittaa, että nämä tuotteet ovat, ellei toisin ole selvästi merkitty, etuuskohteluun oikeutettuja ... alkuperätuotteita ⁽²⁾.

An leagan Sualainnise

Exportören av de varor som omfattas av detta dokument (tullmyndighetens tillstånd nr ... ⁽¹⁾)
försäkrar att dessa varor, om inte annat tydligt markerats, har förmånsberättigande ... ursprung ⁽²⁾.

An leagan Catalóinise

L'exportador dels productes determinats en el present document (Autorització duanera no... ⁽¹⁾)
declara que, llevat que s'indiqui el contrari, aquests productes tenen l'origen preferencial ... ⁽²⁾

..... ⁽³⁾

(Áit agus dáta)

..... ⁽⁴⁾

(Síniú an onnmhaireora; ina theannta sin ní mór ainm an duine atá ag síniú an dearbhaithe a scríobh go soiléir)

-
- ⁽¹⁾ I gcás inarb onnmhaireoir formheasta a tharraingíonn suas an dearbhú tionscnaimh, ní mór uimhir údaráithe an onnmhaireora fhormheasta a iontráil sa spás seo. I gcás nach onnmhaireoir formheasta a tharraingíonn suas an dearbhú tionscnaimh, ní mór na focail idir lúibíní a fhágáil ar lár nó an spás a fhágáil bán.
- ⁽²⁾ Tionscnamh na dtáirgí le sonrú. Nuair a bhaineann an dearbhú tionscnaimh ina iomláine nó nuair a bhaineann cuid de le táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla, ní mór don onnmhaireoir iad a léiriú go soiléir sa doiciméad ina bhfuil an dearbhú tarraingthe suas trí bhíthin an chomhartha 'CM'.
- ⁽³⁾ Féadfar na tásca sin a fhágáil ar lár má tá an fhaisnéis ar fáil sa doiciméad féin.
- ⁽⁴⁾ I gcás nach bhfuil gá le síniú an onnmhaireora, tugtar le tuiscint leis an díolúine ón síniú go bhfuil díolúine ann freisin maidir le hainm an tsínitheora.

SAMPLAÍ DE DHEIMHNIÚ GLUAISEACHTA EUR.1
AGUS IARRATAS AR DHEIMHNIÚ GLUAISEACHTA EUR.1

TREORACHA PRIONTÁLA

1. Beidh gach foirm ar thomhas 210×297 mm; is ceadmhach i dtaca leis an bhfad lamháltas uasta de 5 mm faoina bhun sin nó de 8 mm os a chionn sin. Ní mór páipéar bán a úsáid, a bhfuil bián curtha air le haghaidh scríbhneoireachta, nach bhfuil laíon meicniúil ann agus nach lú a mheáchan ná 25 g/m^2 . Beidh patrún giolóise clóite uaine mar chúlra air, chun gur féidir aon bhrionnú trí mheán meicniúil nó ceimiceach a fheiceáil leis an tsúil.
2. Féadfaidh údarais inniúla na bPáirtithe Comhlachaithe an ceart a choimeád acu féin na foirmeacha a phriontáil, nó féadfaidh siad iad a fháil priontáilte le clódóirí formheasta. Sa chás deireanach sin, ní mór tagairt don fhormheas sin a bheith ar gach foirm. Ní mór ainm agus seoladh an chlódóra nó marc lenar féidir an clódóir a aithint a bheith ar gach foirm. Chomh maith leis sin, beidh sraithuimhir air, bíodh sí priontáilte nó ná bíodh, lena sainaithneofar é.

DEIMHNIÚ GLUAISEACHTA

1. Onnmhaiseoir (Ainm, seoladh iomlán, tír)	EUR.1 Uimh. A 000.000		
3. Coinsíní (Ainm, seoladh iomlán, tír) (Roghnach)	Féach na nótaí ar an taobh thall sula líonfaidh tú isteach an fhoirm seo.		
	2. Deimhniú á úsáid i dtrádáil fhabhrach idir agus (Cuir isteach na tíortha, grúpaí tíortha nó críocha cuí)		
	4. An tír, an grúpa tíortha nó an chríoch as a meastar gur tháinig na táirgí	5. Tír, grúpa tíortha nó críoch an chinn scríbe	
6. Sonraí iompair (Roghnach)	7. Tráchtanna		
8. Uimhir earra; Marcanna agus uimhreacha; Líon agus cineál na bpacáistí ⁽¹⁾ ; Tuairisc ar na hearraí	9. Ollmhais (kg) nó tomhas eile (lítear, m ³ , etc.)	10. Sonraisc (Roghnach)	
11. FORMHUINIÚ CUSTAIM <i>Dearbhú arna dheimhniú</i> Doiciméad onnmhairiúcháin ⁽²⁾ Foirm Uimh As..... Oifig custaim Tír nó críoch eisiúna Áit agus dáta (Síniú)	12. DEARBHÚ AN ONNMHAIREORA Mise, a bhfuil mo shíniú leis seo thíos, déanaim a dhearbhu go gcomhlíonann na hearraí thuasluaite na coinníollacha is gá chun an deimhniú seo a eisiúint. Áit agus dáta (Síniú)		
⁽¹⁾ Mura bhfuil na hearraí pacáilte, luaigh líon na n-earraí nó scríobh ‘ar an mórchóir’ de réir mar is iomchuí. ⁽²⁾ Ná líontar isteach é seo ach más gá de réir rialacháin na tíre nó na críche is onnmhaiseoir.			

13. IARRAIDH AR FHÍORÚ, chuig	14. TORADH AN FHÍORAITHE Léiríonn an fíorú a rinneadh⁽¹⁾ ☐ go ndearna an oifig custaim atá luaite an deimhniú seo a eisiúint agus go bhfuil an t-eolas atá ann cruinn. ☐ nach gcomhlíonann an deimhniú seo na ceanglais maidir le barántúlacht agus cruinneas (féach na nótaí i gceangal leis seo).
Iarrtar barántúlacht agus cruinneas an deimhnithe seo a fhíorú. (Áit agus dáta) Stampa (Síniú)	 (Áit agus dáta) Stampa (Síniú) ⁽¹⁾ Cuir X sa bhosca cuí.

IARRATAS AR DHEIMHNIÚ GLUAISEACHTA

1. Onnmhaiseoir (Ainm, seoladh iomlán, tír)	EUR.1 Uimh. A 000.000		
	Féach na nótaí ar an taobh thall sula líonfaidh tú isteach an fhoirm seo.		
	2. Iarratas ar dheimhniú lena úsáid i dtrádáil fhabhrach idir agus (Cuir isteach na tíortha, grúpaí tíortha nó críocha cuí)		
3. Coinsíní (Ainm, seoladh iomlán, tír) (Roghnach)	4. An tír, an grúpa tíortha nó an chríoch as a meastar gur tháinig na táirgí		5. Tír, grúpa tíortha nó críoch an chinn scríbe
6. Sonraí iompair (Roghnach)	7. Tráchtanna		
8. Uimhir earra; Marcanna agus uimhreacha; Líon agus cineál na bpacáistí ⁽¹⁾ Tuairisc ar na hearraí		9. Ollmhais (kg) nó tomhas eile (lítear, m ³ , etc.)	10. Sonraisc (Roghnach)
⁽¹⁾ Mura bhfuil na hearraí pacáilte, luaigh líon na n-earraí nó scríobh ‘ar an mórchóir’ de réir mar is iomchuí.			

DEARBHÚ AN ONNMHAIREORA

Mise, a bhfuil mo shíniú leis seo thíos, onnmhaireoir na n-earraí a bhfuil tuairisc orthu ar an taobh eile den bhileog, déanaim

A DHEARBHÚ go gcomhlíonann na hearraí na coinníollacha is gá chun an teastas seo atá i gceangal a eisiúint;

A SHONRÚ gurb é seo an chaoi ar chomhlíon na hearraí seo na coinníollacha thuasluaite:

.....

.....

.....

.....

TÍOCLACAIM na doiciméid tacaíochta seo a leanas⁽¹⁾:

.....

.....

.....

.....

A GHEALLADH go seolfaidh mé aon fhianaise thacaíochta, má iarrann na húdaráis chuí a leithéid, a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó na húdaráis sin chun an teastas atá i gceangal a eisiúint agus geallaim go dtoileoidh mé, más gá, le haon chigireacht ar mo chuntais agus le haon seiceáil ar phróisis déantúsaíochta na n-earraí thuasluaite, a dhéanfaidh na húdaráis sin;

A IARRAIDH go n-eiseofar an teastas atá i gceangal le haghaidh na n-earraí seo.

.....
(Áit agus dáta)

.....
(Síniú)

-
- ⁽¹⁾ Mar shampla: doiciméid allmhairiúcháin, deimhnithe gluaiseachta, sonraisc, dearbhuithe ón monaróir, srl. ina dtagraítear do na táirgí a úsáideadh chun na hearraí a dhéanamh nó do na hearraí a ath-onnmhairíodh sa staid chéanna.

COINNÍOLLACHA SPEISIALTA MAIDIR LE TÁIRGÍ
DE THIONSCNAMH CEUTA AGUS MELILLA

Airteagal Aonair

1. Ar choinníoll go gcomhlíonann siad rialail Airteagal 13 den Fhoscríbhinn seo maidir leis an neamhathrú, measfar an méid seo a leanas:

(1) mar tháirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla:

(a) mar tháirgí a fuarthas go hiomlán in Ceuta agus Melilla;

(b) mar tháirgí a fuarthas in Ceuta agus Melilla, a n-úsáidtear táirgí eile seachas táirgí a fuarthas go hiomlán in Ceuta agus Melilla le linn a monaraithe, ar choinníoll:

(i) go ndearnadh leoroibriú agus leorphróiseáil ar na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 4 den Fhoscríbhinn seo; nó

(ii) gur de thionscnamh Andóra nó an Aontais Eorpaigh iad na táirgí sin, ar choinníoll go ndearnadh oibriú nó próiseáil orthu thar na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6 den Fhoscríbhinn seo;

(2) táirgí de thionscnamh Andóra:

- (a) tháirgí a fuarthas go hiomlán in Andóra;
- (b) tháirgí a fuarthas in Andóra, a n-úsáidtear táirgí eile seachas táirgí a fuarthas go hiomlán in Andóra le linn a monaraithe, ar choinníoll:
 - (i) go ndearnadh oibriú nó próiseáil leordhóthanach ar na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 4 den Fhoscríbhinn seo; nó
 - (ii) gur de thionscnamh Ceuta agus Melilla nó an Aontais Eorpaigh iad na táirgí sin, ar choinníoll go ndearnadh oibriú nó próiseáil orthu thar na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6 den Fhoscríbhinn seo.

2. Measfar gur aon chríoch amháin iad Ceuta agus Melilla.

3. Cuirfidh an t-allmhaireoir nó a ionadaí údaráithe ainm an Pháirtí Comhlachaithe is onnmhaireoir agus ‘Ceuta agus Melilla’ isteach i mBosca 2 de dheimhnithe gluaiseachta EUR.1 nó ar dhearbhuithé ar thionscnamh. Ina theannta sin, i gcás táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla, léireofar sin i mBosca 4 de dheimhnithe gluaiseachta EUR.1 nó ar dhearbhuithé tionscnaimh.

4. Beidh údaráis chustaim na Spáinne freagrach as an bhFoscríbhinn seo a chur i bhfeidhm in Ceuta agus Melilla.

DEARBHÚ SOLÁTHRÓRA

Ní mór an dearbhú soláthraí, a bhfuil a théacs thíos, a tharraingt suas i gcomhréir leis na fonótaí. Mar sin féin, ní gá na fonótaí a athsholáthar.

DEARBHÚ SOLÁTHRÓRA

le haghaidh earraí a ndearnadh oibriú nó próiseáil orthu i bPáirtí Comhlachaithe gan stádas tionscnaimh fabhrach a bheith faighte acu

Déanaimse, a bhfuil mo shíniú leis seo thíos, soláthraí na n-earraí a chumhdaítear leis an doiciméad atá i gceangal, an méid seo a leanas a dhearbhú:

1. úsáideadh na hábhair seo a leanas nach de thionscnamh [luaigh ainm an Pháirtí Chomhlachaithe/na bPáirtithe Comhlachaithe ábhartha] in [luaigh ainm an Pháirtí Chomhlachaithe/na bPáirtithe Comhlachaithe] chun na hearraí sin a tháirgeadh:

Tuairisc ar na hearraí a sholáthraítear ⁽¹⁾	Tuairisc ar na hábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh	Ceannteideal na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh ⁽²⁾	Luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh ⁽²⁾⁽³⁾
Luach iomlán			

2. gach ábhar eile a úsáideadh i [luaigh ainm an Pháirtí Chomhlachaithe ábhartha (nó ainmneacha na bPáirtithe Comhlachaithe ábhartha)] chun na hearraí seo a tháirgeadh, is de thionscnamh [luaigh ainm an Pháirtí Chomhlachaithe ábhartha (nó ainmneacha na bPáirtithe Comhlachaithe ábhartha)] iad;
3. rinneadh oibriú nó próiseáil ar na hearraí seo a leanas lasmuigh de [luaigh ainm an Pháirtí Ghaolmhair ábhartha (nó ainmneacha na bPáirtithe Conarthacha ábhartha)] i gcomhréir le hAirteagal 12 den Fhoscríbhinn seo agus fuair siad ann an breisluach iomlán seo a leanas:

Tuairisc ar na hearraí a soláthraíodh	An breisluach iomlán a fuarthas lasmuigh de [luaigh ainm an Pháirtí Chomhlachaithe ábhartha (nó ainmneacha na bPáirtithe Comhlachaithe ábhartha)](4)
	(Áit agus dáta)
	(Seoladh agus síniú an tsoláthraí; ina theannta sin ní mór ainm an duine atá ag síniú an dearbhaithe a scríobh go soiléir)

-
- (1) Nuair is le cineálacha difriúla earraí a bhaineann an sonrasc, an nóta seachadta nó an doiciméad tráchtála eile lena bhfuil an dearbhú i gceangal, nó le hearraí nach gcuimsíonn ábhair neamhthionscnaimh chomh mór céanna, ní mór don soláthraí idirdhealú soiléir a dhéanamh eatarthu.
 - (2) Níor cheart na táscairí atá á n-iarraidh sna colúin sin a thabhairt ach amháin más gá sin a dhéanamh.
 - (3) Ciallaíonn ‘luach na n-ábhar’ an luach custaim tráth a allmhairítear na hábhair neamhthionscnaimh a úsáidtear, nó, murab eol sin agus nach féidir é a fháil amach, ciallaíonn sé an chéad phraghas infhionnta a íocadh as na hábhair i [luaigh ainm an Pháirtí Chomhlachaithe ábhartha (nó ainmneacha na bPáirtithe Comhlachaithe ábhartha)]. Ní mór luach beacht gach ábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh a thabhairt in aghaidh an aonaid de na hábhair a luaitear sa chéad cholún.
 - (4) Is éard a chiallóidh ‘breisluach iomlán’ gach costas a charntar lasmuigh de [luaigh ainm an Pháirtí Chomhlachaithe ábhartha (nó ainm na bPáirtithe Comhlachaithe ábhartha)], lena n-áirítear luach na n-ábhar go léir a chuirtear leis an táirge ann. Ní mór an breisluach beacht iomlán a fuarthas lasmuigh de [luaigh ainm an Pháirtí Chomhlachaithe ábhartha (nó ainm na bPáirtithe Comhlachaithe ábhartha)] a thabhairt in aghaidh an aonaid de na hábhair a shonraítear sa chéad cholún.

DEARBHÚ SOLÁTHRAÍ FADTÉARMACH

Ní mór an dearbhú soláthraí fadtéarmach, a bhfuil a théacs thíos, a tharraingt suas i gcomhréir leis na fonótaí. Mar sin féin, ní gá na fonótaí a athsholáthar.

DEARBHÚ SOLÁTHRAÍ FADTÉARMACH

le haghaidh earraí a ndearnadh oibriú nó próiseáil orthu i bPáirtí Comhlachaithe gan stádas tionscnaimh fabhrach a bheith faighte acu

Mise, a bhfuil mo shíniú leis seo thíos, soláthraí na n-earraí a chumhdaítear sa doiciméad atá i gceangal agus a sholáthraítear go rialta do⁽¹⁾, déanaim an méid seo a leanas a dhearbhu:

1. rinneadh na hábhair seo a leanas, nach de thionscnamh [luaigh ainm an Pháirtí Chomhlachaithe ábhartha (nó ainmneacha na bPáirtithe Comhlachaithe ábhartha)] iad, a úsáid i [luaigh ainm an Pháirtí Chomhlachaithe ábhartha (nó ainmneacha na bPáirtithe Comhlachaithe ábhartha)] chun na hearraí seo a tháirgeadh:

Tuairisc ar na hearraí a sholáthraítear ⁽²⁾	Tuairisc ar na hábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh	Ceannteideal na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh ⁽³⁾	Luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh ⁽³⁾⁽⁴⁾
Luach iomlán			

2. gach ábhar eile a úsáideadh i [luaigh ainm an Pháirtí Chomhlachaithe ábhartha (nó ainmneacha na bPáirtithe Comhlachaithe ábhartha)] chun na hearraí seo a tháirgeadh, is de thionscnamh [luaigh ainm an Pháirtí Chomhlachaithe ábhartha (nó ainmneacha na bPáirtithe Comhlachaithe ábhartha)] iad;
3. rinneadh oibriú nó próiseáil ar na hearraí seo a leanas lasmuigh de [luaigh ainm an Pháirtí Ghaolmhair ábhartha (nó ainmneacha na bPáirtithe Conarthacha ábhartha)] i gcomhréir le hAirteagal 12 den Fhoscríbhinn seo agus fuair siad ann an breisluach iomlán seo a leanas:

Tuairisc ar na hearraí a soláthraíodh	An breisluach iomlán a fuarthas lasmuigh de [luaigh ainm an Pháirtí Chomhlachaithe ábhartha (nó ainmneacha na bPáirtithe Comhlachaithe ábhartha)] ⁽⁵⁾

Tá an dearbhú seo bailí le haghaidh gach coinsíneachta de na hearraí sin a sheolfar ina dhiaidh seo ó.....
chuig.....⁽⁶⁾

Gabhaim orm féin go gcuirfidh mé in iúl do⁽¹⁾ láithreach bonn mura bhfuil an dearbhú seo bailí a thuilleadh.

(Áit agus dáta)
(Seoladh agus síniú an tsoláthraí; ina theannta sin ní mór ainm an duine atá ag síniú an dearbhaithe a scríobh go soiléir)

-
- (1) Ainm agus seoladh an chustaiméara.
 - (2) Nuair is le cineálacha difriúla earraí a bhaineann an sonrasc, an nóta seachadta nó an doiciméad tráchtála eile lena bhfuil an dearbhú i gceangal, nó le hearraí nach gcuimsíonn ábhair neamhthionscnaimh chomh mór céanna, ní mór don soláthraí idirdhealú soiléir a dhéanamh eatarthu.
 - (3) Níor cheart na táscairí atá á n-iarraidh sna colúin sin a thabhairt ach amháin más gá sin a dhéanamh.
 - (4) Ciallaíonn ‘luach na n-ábhar’ an luach custaim tráth a allmhairítear na hábhair neamhthionscnaimh a úsáidtear, nó, murab eol sin agus nach féidir é a fháil amach, ciallaíonn sé an chéad phraghas infhionnta a íocadh as na hábhair i [luaigh ainm an Pháirtí Chomhlachaithe ábhartha (nó ainmneacha na bPáirtithe Comhlachaithe ábhartha)]. Ní mór luach beacht gach ábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh a thabhairt in aghaidh an aonaid de na hábhair a luaitear sa chéad cholún.
 - (5) Is éard a chiallóidh ‘breisluach iomlán’ gach costas a charntar lasmuigh de [luaigh ainm an Pháirtí Chomhlachaithe ábhartha], lena n-áirítear luach na n-ábhar go léir a chuirtear leis an táirge ann. Ní mór an breisluach beacht iomlán a fuarthas lasmuigh de [luaigh ainm an Pháirtí Chomhlachaithe ábhartha] a thabhairt in aghaidh an aonaid de na hábhair a shonraítear sa chéad cholún.
 - (6) Cuir isteach na dátaí. Níor cheart go mbainfeadh tréimhse bhailíochta níos faide ná 24 mhí leis an dearbhú soláthraí fadtéarmach de ghnáth, faoi réir na gcoinníollacha a leagann údaráis chustaim an Pháirtí Chomhlachaithe síos ina dtarraingítear suas an dearbhú soláthraí fadtéarmach.
-

**CÚNAMH FRITHPHÁIRTEACH
IDIR ÚDARÁIS RIARACHÁIN IN ÁBHAIR CHUSTAIM**

AIRTEAGAL 1

Sainmhínte

Chun críocha na Foscúbhinne seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘reachtaíocht chustaim’ aon fhoráil dhlíthiúil nó rialála is infheidhme i gcríoch Páirtí Comhlachaithe, a rialaíonn allmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras earraí agus iad a chur faoi aon chóras nó nós imeachta custaim eile, lena n- áirítear bearta toirmisc, srianta agus rialaithe;
- (b) ciallaíonn ‘údarás is iarratasóir’ údarás riaracháin inniúil atá ainmnithe ag Páirtí Comhlachaithe chun na críche sin agus a iarrann cúnamh faoin bhFoscúbhinn seo;
- (c) ciallaíonn ‘údarás faighte na hiarrata’ údarás riaracháin inniúil atá ainmnithe ag Páirtí Comhlachaithe chun na críche sin agus a fhaigheann iarraidh ar chúnamh faoin bhFoscúbhinn seo;
- (d) ciallaíonn ‘faisnéis’ aon sonraí, aon doiciméad, aon íomhá, aon tuarascáil, aon chumarsáid nó aon chóip fhíordheimhnithe, i bhformáid ar bith, lena n-áirítear formáid leictreonach, bíodh siad próiseáilte nó anailísithe nó ná bíodh;

- (e) ciallaíonn "duine" aon duine nádúrtha nó dlítheanach;
- (f) is é is “sonraí pearsanta” ann aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha atá aitheanta nó inaitheanta;
- (g) is iad ‘oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim’ aon sárú nó aon iarracht ar an reachtaíocht chustaim a shárú.

AIRTEAGAL 2

Raon feidhme

1. Tabharfaidh na Páirtithe Comhlachaithe cúnamh dá chéile, laistigh dá réimsí inniúlachta, ar an modh agus faoi na coinníollacha a leagtar síos san Fhoscríbhinn seo, chun cur i bhfeidhm ceart na reachtaíochta custaim a áirithiú, go háirithe trí oibríochtaí de shárú ar an reachtaíocht sin a chosc, a imscrúdú agus a chomhrac.
2. Tá feidhm ag cúnamh in ábhair chustaim, dá bhforáiltear san Fhoscríbhinn seo, maidir le haon údarás riaracháin de chuid ceachtar Páirtí Comhlachaithe atá inniúil chun an Fhoscríbhinn seo a chur i bhfeidhm. Beidh an cúnamh sin gan dochar do na forálacha lena rialaítear cúnamh frithpháirteach in ábhair choiriúla agus ní chumhdófar leis faisnéis a fhaightear faoi chumhachtaí a fheidhmítear ar iarraidh ó údarás breithiúnach, ach amháin i gcás ina n- údaraíonn an t- údarás sin faisnéis den sórt sin a chur in iúl.
3. Cúnamh chun dualgais, cánacha nó fineálacha a aisghabháil ní chumhdaítear leis an bhFhoscríbhinn é.

AIRTEAGAL 3

Cúnamh ar é a iarraidh

1. Arna iarraidh sin d'údarás is iarratasóir, soláthróidh údarás faighte na hiarrata an fhaisnéis ábhartha uile dó a d'fhéadfadh a chur ar a chumas a áirithiú go gcuirfear an reachtaíocht chustaim i bhfeidhm i gceart, lena n- áirítear faisnéis maidir le gníomhaíochtaí a tugadh faoi deara nó a bheartaítear agus ar oibríochtaí iad a sháraíonn an reachtaíocht chustaim nó a d'fhéadfadh a bheith ina n- oibríochtaí den sórt sin.
2. Arna iarraidh sin ag an údarás is iarratasóir, cuirfidh údarás faighte na hiarrata ar an eolas é cibé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid a leanas:
 - (a) earraí a onnmhairíodh go cuí ó chríoch ceann de na Páirtithe Comhlachaithe isteach i gcríoch an Pháirtí Comhlachaithe eile, lena sonraítear, i gcás inarb iomchuí, an nós imeachta custam a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na hearraí;
 - (b) earraí a allmhairíodh go cuí isteach i gcríoch ceann de na Páirtithe Comhlachaithe ó chríoch an Pháirtí Comhlachaithe eile, lena sonraítear, i gcás inarb iomchuí, an nós imeachta custam a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na hearraí.
3. Arna iarraidh sin d'údarás is iarratasóir, déanfaidh údarás faighte na hiarrata, faoi chuimsiú a fhorálacha dlíthiúla nó rialála, na bearta is gá chun faireachas speisialta a áirithiú ar na nithe seo a leanas:
 - (a) daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil forais réasúnacha ann ina leith le creidiúint go bhfuil nó go raibh siad bainteach le hoibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim;

- (b) earraí atá á n-iompar nó ar féidir iad a iompar ar bhealach ina bhfuil forais réasúnacha ann le creidiúint go bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint astu in oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim;
- (c) áiteanna inar cóimeáladh earraí nó ina bhféadfadh na hearraí sin a chóimeáil ar bhealach lena bhfágfar go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint as na hearraí sin in oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim;
- (d) modh iompair a mbaintear úsáid as nó ar féidir úsáid a bhaint as ar bhealach ina bhfuil forais réasúnacha ann le creidiúint go bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint as an modh iompair sin in oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim.

AIRTEAGAL 4

Cúnamh Spontáineach

Tabharfaidh na Páirtithe Comhlachaithe cúnamh dá chéile, ar a dtionscnamh féin agus i gcomhréir lena dlíthe agus a rialacháin faoi seach, más rud é go mbreithníonn siad gur gá sin chun reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm i gceart, trí fhaisnéis a sholáthar a bheidh faighte maidir le gníomhaíochtaí atá tugtha i gcrích, beartaithe nó ar siúl fós ar gníomhaíochtaí iad atá ina n-oibríochtaí a sháraíonn reachtaíocht chustaim nó más cosúil gur amhlaidh sin agus a bhféadfaidh a bheith ina n-údar spéise don Pháirtí Comhlachaithe eile. Díreoidh an fhaisnéis go háirithe ar an méid seo a leanas:

- (a) daoine, earraí agus cóir iompair; agus
- (b) modhanna nua nó modhanna nua a úsáidfear chun oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim a chur i gcrích.

AIRTEAGAL 5

Foirm agus substaint na n-iarrataí ar chúnamh

1. Is i scríbhinn, i gcóip chrua nó i bhformáid leictreonach, a dhéanfar iarrataí de bhun na Foscúibhinne seo. Beidh na doiciméid is gá ag gabháil leo chun gur féidir an iarraidh a chomhlíonadh. I gcásanna práinne, is féidir le húdarás faighte na hiarrata iarrataí ó bhéal a ghlacadh, ach deimhneoidh údarás is iarratasóir iarrataí ó bhéal den sórt sin i scríbhinn láithreach bonn.
2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh in iarrataí a dhéantar de bhun mhír 1:
 - (a) céannacht an údaráis is iarratasóir agus oifigeach déanta na hiarrata;
 - (b) an fhaisnéis agus/nó an cineál cúnamh a iarraidh;
 - (c) cuspóir na hiarrata agus an chúis atá léi;
 - (d) na dlíthe agus na rialacháin agus gnéithe dlíthiúla eile atá i gceist;
 - (e) tásca, chomh cruinn agus chomh cuimsitheach agus is féidir, maidir leis na daoine nádúrtha nó dlíthiúla arb iad sprioc na n-imscrúduithe iad;
 - (f) achoimre ar na fíorais agus ar na fiosrúcháin a rinneadh cheana féin; agus
 - (g) aon sonraí breise atá ar fáil chun é a chur ar a chumas d'údarás faighte na hiarrata freagra a thabhairt ar an iarraidh.

3. Cuirfear iarrataí isteach i dteanga oifigiúil de chuid údarás faighte na hiarrata nó i dteanga a nglacann an t-údarás sin léi. Glacfar i gcónaí le hiarrataí a chuirtear isteach i mBéarla. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas sin maidir le haon doiciméad a ghabhann leis an iarraidh de bhun mhír 1.

4. Mura gcomhlíonann iarraidh na ceanglais fhoirmiúla a leagtar amach i míreanna 1 go 3, féadfaidh údarás faighte na hiarrata ceartú nó comhlíonadh na hiarrata a éileamh; idir an dá linn, féadfar bearta réamhchúraim a ordú.

AIRTEAGAL 6

Forghníomhú iarrataí

1. Chun iarraidh ar chúnamh a chomhlíonadh, rachaidh údarás faighte na hiarrata ar aghaidh, laistigh de theorainneacha a inniúlachta agus na n-acmhainní atá ar fáil dó, amhail is dá mbeadh sé ag gníomhú ar a chuntas féin nó arna iarraidh sin d'údarás eile den Pháirtí Comhlachaithe céanna, trí fhaisnéis atá ina sheilbh cheana a sholáthar, trí fhiosrúcháin iomchuí a dhéanamh nó trí shocruithe a dhéanamh go ndéanfar fiosrúcháin iomchuí. Beidh feidhm ag an bhforáil seo freisin maidir le haon údarás eile ar chuir údarás faighte na hiarrata an iarraidh chuige nuair nach féidir leis an údarás sin gníomhú as a stuaim féin.

2. Déanfar aon iarraidh ar chúnamh a fhorghníomhú i gcomhréir le forálacha dlíthiúla nó rialála Pháirtí Comhlachaithe faighte na hiarrata.

AIRTEAGAL 7

An fhoirm ina bhfuil an fhaisnéis le cur in iúl

1. Cuirfidh údarás faighte na hiarrata torthaí ar fhiosrúcháin in iúl don údarás is iarratasóir i scríbhinn, in éineacht le doiciméid ábhartha, fíorchóipeanna deimhnithe nó nithe eile. Féadfar an fhaisnéis sin a sholáthar i bhformáid leictreonach.
2. Tarchuirfear bundoiciméid de réir srianta dlíthiúla gach Páirtí Chomhlachaithe, arna iarraidh sin don údarás is iarratasóir agus ar an gcúis sin amháin, i gcásanna nár leordhóthanach fíorchóipeanna deimhnithe. Cuirfidh an t-údarás is iarratasóir na bunchóipeanna sin ar ais a luaithe is féidir.
3. Déanfaidh údarás faighte na hiarrata, faoi réir mhír 2, aon fhaisnéis a bhaineann le barántúlacht na ndoiciméad arna n-eisiúint nó arna ndeimhniú ag gníomhaireachtaí oifigiúla laistigh dá chríoch mar thaca le dearbhú i leith earraí a sheachadadh don údarás is iarratasóir.

AIRTEAGAL 8

Oifigigh de chuid Páirtí Comhlachaithe a bheith i láthair i gcríoch an Pháirtí Comhlachaithe eile

1. Féadfaidh oifigigh chuí-údaraithe de chuid Páirtí Comhlachaithe amháin, i gcomhaontú leis an bPáirtí Comhlachaithe eile agus faoi réir na gcoinníollacha a bheidh leagtha síos ag an bPáirtí eile, a bheith i láthair in oifigí údarás faighte na hiarrata nó aon údarás eile lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 6(1), chun faisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí ar oibríochtaí iad nó a d'fhéadfadh a bheith ina n-oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim a fháil, faisnéis a theastaíonn ón údarás is iarratasóir chun críocha na Foscíbhíne seo.

2. Féadfaidh oifigigh arna n- údarú go cuí de chuid Pháirtí Comhlachaithe, le comhaontú an Pháirtí Chomhlachaithe eile agus faoi réir na gcoinníollacha a bheidh leagtha síos ag an bPáirtí Comhlachaithe eile, a bheith rannpháirteach i bhfiosrúcháin a dhéanfar i gcríoch an Pháirtí Chomhlachaithe eile.
3. Ní bheidh oifigigh Pháirtí Comhlachaithe i láthair i gcríoch an Pháirtí Chomhlachaithe eile ach amháin i gcáil chomhairleach agus, chuige sin, déanfaidh na hoifigigh údaraithe sin na nithe seo a leanas:
 - (a) beidh orthu a bheith in ann cruthúnas ar a gcáil oifigiúil a chur ar fáil i gcónaí;
 - (b) ní chaithfidh siad éide ná ní iompróidh siad airm; agus
 - (c) beidh an chosaint chéanna acu agus a thugtar d'oifigigh de chuid an Pháirtí Chomhlachaithe eile, i gcomhréir leis na forálacha dlí agus riaracháin atá i bhfeidhm ar a chríoch.

AIRTEAGAL 9

Soláthar agus fógra

1. Arna iarraidh sin don údarás is iarratasóir, déanfaidh údarás faighte na hiarrata, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla nó rialála is infheidhme maidir leis an údarás sin, na bearta uile is gá chun aon doiciméad a sheachadadh nó chun fógra a thabhairt faoi aon chinneadh de thionscnamh an údaráis is iarratasóir agus a thagann faoi raon feidhme na Foscúibhinne seo, do sheolaí atá ina chónaí nó bunaithe ar chríoch údarás faighte na hiarrata.
2. Is i scríbhinn i dteanga oifigiúil de chuid údarás faighte na hiarrata nó i dteanga a nglacfaidh an t-údarás sin léi a dhéanfar iarrataí ar dhoiciméid a sheachadadh nó ar fhógra a thabhairt faoi chinntí.

AIRTEAGAL 10

Malartú faisnéise uathoibríoch agus roimh ré

1. Féadfaidh na Páirtithe Comhlachaithe, trí chomhaontú frithpháirteach i gcomhréir le hAirteagal 15 den Fhoscríbhinn seo:
 - (a) aon fhaisnéis a chumhdaítear leis an bhFoscríbhinn seo a mhalartú go huathoibríoch;
 - (b) faisnéis shonrach a mhalartú sula dtiocfaidh coinsíneachtaí i gcríoch an Pháirtí Ghaolmhair eile.
2. Bunóidh na Páirtithe Comhlachaithe socruithe maidir leis an gcineál faisnéise is mian leo a mhalartú, chomh maith le foirm agus minicíocht tharchur na faisnéise sin, chun críoch na malartuithe dá dtagraítear i mír 1 a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 11

Eisceachtaí ón oibleagáid cúnamh a sholáthar

1. Féadfar cúnamh a dhiúltú nó a bheith faoi réir coinníollacha nó ceanglas áirithe i gcásanna ina bhfuil Páirtí Comhlachaithe den tuairim go ndéanfadh cúnamh faoin bhFoscríbhinn seo:
 - (a) dochar, is dócha, do cheannasacht Andóra nó do cheannasacht Ballstáit de chuid an Aontais ar iarradh air cúnamh a sholáthar faoin bhFoscríbhinn seo;

- (b) dochar, is dócha, don ord poiblí, don tslándáil phoiblí nó do leasanna bunúsacha eile, go háirithe sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 12(5) den Fhoscríbhinn seo; nó
- (c) go sárófar rún tionscail, rún tráchtála nó gairmiúil.

2. Féadfaidh údarás faighte na hiarrata an cúnamh a chur ar atráth ar an bhforas go bhféadfadh an cúnamh sin cur isteach ar imscrúduithe, ionchúisimh nó imeachtaí leanúnacha. Sa chás sin, rachaidh údarás faighte na hiarrata i gcomhairle leis an údarás is iarratasóir chun a chinneadh an féidir an cúnamh a dheonú faoi cibé téarmaí nó coinníollacha a éileoidh údarás faighte na hiarrata.

3. I gcás ina lorgaíonn an t-údarás is iarratasóir cúnamh nach mbeadh sé féin in ann a sholáthar má iarrtar sin air, tarraingeoidh sé aird ar an méid sin ina iarraidh. Ansin, is faoi údarás faighte na hiarrata a bheidh sé cinneadh a dhéanamh conas freagra a thabhairt ar an iarraidh sin.

4. I gcásanna dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, cuirfidh údarás faighte na hiarrata a chinneadh agus na cúiseanna atá leis in iúl don údarás is iarratasóir gan mhoill.

AIRTEAGAL 12

Malartú faisnéise agus rúndacht

1. Is chun na gcríoch a leagtar amach san Fhoscríbhinn seo, agus chun na gcríoch sin amháin, a úsáidfear an fhaisnéis a fhaightear faoin bhFhoscríbhinn seo.

2. Measfar gur chun críocha na Foscúibhinne seo a úsáidfear faisnéis a fhaightear faoin bhFoscúibhinne seo in imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha a thionscnófar i leith oibríochtaí de shárú ar reachtaíocht chustaim. Dá bhrí sin, féadfaidh na Páirtithe Comhlachaithe, ina dtaifid ar fhianaise, tuarascálacha agus teistiméireachtaí agus in imeachtaí agus in líomhaintí atá os comhair na gcúirteanna, úsáid a bhaint as faisnéis a fuarthas agus doiciméid a ndeachthas i gcomhairle leo de réir fhorálacha na Foscúibhinne seo mar fhianaise. Féadfaidh údarás faighte na hiarrata soláthar faisnéise nó deonú rochtana ar dhoiciméid a chur faoi réir an choinníll go dtabharfar fógra dó maidir leis an úsáid sin.
3. I gcás inar mian le Páirtí Comhlachaithe amháin an fhaisnéis sin a úsáid chun críoch eile, gheobhaidh sé toiliú i scríbhinn roimh ré ón údarás a sholáthair an fhaisnéis sin. Maidir le haon úsáid den chineál sin, beidh sé faoi réir aon shrianta a leagann an t-údarás sin síos.
4. Aon fhaisnéis a chuirfear in iúl i bhfoirm ar bith de bhun na Foscúibhinne seo, measfar gur faisnéis de chineál rúnda nó srianta í, i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme de chuid gach ceann de na Páirtithe Comhlachaithe. Cumhdófar an fhaisnéis sin le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla agus beidh an chosaint ag an bhfaisnéis sin a dheonaítear d'fhaisnéis chomhchosúil faoi dhlíthe agus faoi rialacháin is infheidhme an Pháirtí Ghaolmhair is faighteoir. Cuirfidh na Páirtithe Comhlachaithe a ndlíthe agus a rialacháin is infheidhme chun na críche sin in iúl dá chéile.
5. Ní fhéadfar sonraí pearsanta a aistriú ach amháin i gcomhréir le rialacha um chosaint sonraí an Pháirtí Ghaolmhair a sholáthraíonn na sonraí. Cuirfidh Páirtí Comhlachaithe an Páirtí Comhlachaithe eile ar an eolas faoina rialacha ábhartha maidir le cosaint sonraí agus, más gá, déanfaidh sé a dhícheall teacht ar chomhaontú maidir le cosaint bhreise.

AIRTEAGAL 13

Saineolaithe agus finnétithe

Féadfaidh údarás faighte na hiarrata a údarú dá oifigigh a bheith i láthair, laistigh de theorainneacha an údaráithe a tugadh, mar shaineolaithe nó mar fhinnétithe in imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin maidir leis na hábhair a thagann faoi réim na Foscríbhíne seo, agus pé nithe, doiciméid nó cóipeanna dílse deimhnithe de na doiciméid sin a bheadh ag teastáil le haghaidh na n-imeachtaí, a chur i láthair. Ní mór don iarraidh ar theacht i láthair a shonrú go sonrach cé acu údarás breithiúnach nó riaracháin a mbeidh ar an oifigeach teacht i láthair os a chomhair, maidir le cibé ábhair agus de bhua an teidil nó na cáilíochta a cheisteofar an t-oifigeach.

AIRTEAGAL 14

Speansais maidir le cúnamh

1. Faoi réir mhíreanna 2 agus 3, tarscaoilfidh na Páirtithe Comhlachaithe aon éilimh ar a chéile ar aisíocaíochtaí caiteachas arna dtabhú i gcur i bhfeidhm na Foscríbhíne seo.
2. Is é Páirtí Comhlachaithe an iarratasóra a thabhóidh speansais agus liúntais a íocfar le saineolaithe, finnétithe, ateangairí agus aistritheoirí, seachas fostaithe seirbhíse poiblí de réir mar is iomchuí.
3. Más gá speansais de chineál urghnách chun iarraidh a fhorghníomhú, cinnfidh na Páirtithe Comhlachaithe na téarmaí agus na coinníollacha a mbeidh iarraidh le forghníomhú fúthu, mar aon leis an mbealach ar a mbeidh na costais sin le seasamh.

AIRTEAGAL 15

Cur chun feidhme

1. Cuirfear cur chun feidhme na Foscúirbhinnne seo de chúram, ar thaobh amháin, ar údaráis chustaim ainmnithe Andóra agus, ar an taobh eile, ar sheirbhísí inniúla an Choimisiúin Eorpaigh agus údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais, i gcás inarb iomchuí. Déanfaidh siad cinneadh maidir leis na bearta agus na socruithe praiticiúla go léir is gá chun an Fhoscúirbhinn seo a chur chun feidhme, agus aird á tabhairt acu ar na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme faoi seach go háirithe chun sonraí pearsanta a chosaint.
2. Cuirfidh na Páirtithe Comhlachaithe a chéile ar an eolas faoi na bearta mionsonraithe cur chun feidhme arna nglacadh ag gach Páirtí Comhlachaithe i gcomhréir leis an bhFoscúirbhinn seo, agus rachaidh siad i gcomhairle le chéile, go háirithe maidir leis na seirbhísí arna n- údarú go cuí agus na hoifigigh a ainmnítear mar oifigigh atá inniúil ar an gcumarsáid dá bhforáiltear san Fhoscúirbhinn seo a sheoladh agus a fháil.
3. San Aontas Eorpach, ní dhéanfaidh an Fhoscúirbhinn seo difear do chur in iúl aon fhaisnéise a fhaightear faoin bhFoscúirbhinn seo idir seirbhísí inniúla an Choimisiúin Eorpaigh agus údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais.

AIRTEAGAL 16

Comhaontuithe eile

Beidh tosaíocht ag an bhFoscúbhinn seo ar fhorálacha aon chomhaontaithe maidir le cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim a tugadh i gcrích nó a d'fhéadfaí a thabhairt i gcrích idir Ballstáit aonair an Aontais agus Andóra a mhéid a bhíonn forálacha an chomhaontaithe sin ar neamhréir le forálacha na Foscúbhinne seo.

AIRTEAGAL 17

Comhairliúchán

Maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme na Foscúbhinne seo, rachaidh na Páirtithe Comhlachaithe i gcomhairle le chéile d'fhonn an t-ábhar i gceist a réiteach laistigh den Fhochoiste um Chomhar Custaim arna bhunú le hAirteagal 7 de Phrótacal Andóra.

LIOSTA DÁ bhFORÁILTEAR IN AIRTEAGAL 80(7) DEN CHREAT- CHOMHAONTÚ

1. An Coimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta (Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle)¹
2. Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta (Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle)²
3. Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Rialachán (AE) Uimh. 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle)³
4. An Grúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint (Cinneadh 2007/172/CE ón gCoimisiún)⁴

¹ Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

² Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

³ Rialachán (AE) 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC), lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009 (IO L 321, 17.12.2018, lch. 1).

⁴ Cinneadh ón gCoimisiún an 19 Márta 2007 lena mbunaítear an grúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 79, 20.3.2007, lch. 38).

FORÁLACHA FRITHCHALAOISE AN AONTAIS DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 62(1)
DEN CHREAT- CHOMHAONTÚ

1. Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹
 - (a) Airteagal 3 – Calaois a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais
 - (b) Airteagal 4 – Cionta coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais
 - (c) Airteagal 5 – Gríosú, cabhrú agus neartú, agus iarracht a dhéanamh
 - (d) Airteagal 6 – Dlíteanas daoine dlítheanacha
 - (e) Airteagal 7 – Smachtbhannaí maidir le daoine nádúrtha
 - (f) Airteagal 9 – Smachtbhannaí maidir le daoine dlítheanacha
 - (g) Airteagal 12 – Tréimhsí teorann le haghaidh cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais

¹ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

2. Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹

(a) Airteagal 7(3)(a) – Rochtain ar fhaisnéis cuntas bainc.

¹ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).